I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) Uimh. 37/2014 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

**an 15 Eanáir 2014**

**lena leasaítear rialacháin áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta chun bearta áirithe a ghlacadh**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe ***Airteagal 207(2)*** de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear i roinnt bunrialachán a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála go nglacfaidh an Chomhairle gníomhartha lena gcuirfear an comhbheartas tráchtála chun feidhme i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos sna hionstraimí éagsúla lena mbaineann nó go nglacfaidh an Coimisiún iad faoi réir nósanna imeachta sonracha agus faoi réir rialú ag an gComhairle. Níl nósanna imeachta den sórt sin faoi réir Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle ([2]).

(2) Is iomchuí na rialacháin bhunúsacha sin a leasú d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú leis na forálacha a tugadh isteach le Conradh Liospóin. Ba cheart é sin a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, trí chumhachtaí tarmligthe a dheonú don Choimisiún agus trí nósanna imeachta áirithe a chur i bhfeidhm atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacháin seo a leanas a leasú dá réir sin:

— Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72 ón gComhairle ([4]),

— Rialachán (CEE) Uimh. 2843/72 ón gComhairle ([5]),

— Rialachán (CEE) Uimh. 1692/73 ón gComhairle ([6]),

— Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle ([7]),

— Rialachán (CE) Uimh. 385/96 ón gComhairle ([8]),

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2012 (IO C 251E, 31.8.2013, lch. 126) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 15 Samhain 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2013 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

([2]) Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú inniúlachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

([4]) Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72 ón gComhairle an 19 Nollaig 1972 maidir leis na bearta cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise (IO L 300, 31.12.1972, lch. 284).

([5]) Rialachán (CEE) Uimh. 2843/72 ón gComhairle an 19 Nollaig 1972 maidir leis na bearta cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne (IO L 301, 31.12.1972, lch. 162).

([6]) Rialachán (CEE) Uimh. 1692/73 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1973 maidir leis na bearta cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua (IO L 171, 27.6.1973, lch. 103).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 349, 31.12.1994, lch. 71).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 385/96 ón gComhairle an 29 Eanáir 1996 maidir le cosaint i gcoinne praghsála díobhálaí soithí (IO L 56, 6.3.1996, lch. 21).

— Rialachán (CE) Uimh. 2271/96 ón gComhairle ([1]),

— Rialachán (CE) Uimh. 1515/2001 ón gComhairle ([2]),

— Rialachán (CE) Uimh. 153/2002 ón gComhairle ([3]) a fheidhmiú,

— Rialachán (CE) Uimh. 427/2003 ón gComhairle ([4]),

— Rialachán (CE) Uimh. 452/2003 ón gComhairle ([5]),

— Rialachán (CE) Uimh. 673/2005 ón gComhairle ([6]),

— Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle ([7]),

— Rialachán (CE) Uimh. 1616/2006 ón gComhairle ([8]),

— Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle ([9]),

— Rialachán (CE) Uimh. 140/2008 ón gComhairle ([10]),

— Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 ón gComhairle ([11]),

— Rialachán (CE) Uimh. 594/2008 ón gComhairle ([12]),

— Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle ([13]),

— Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle ([14]),

— Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ón gComhairle ([15]),

— Rialachán (CE) Uimh. 1061/2009 ón gComhairle ([16]),

— Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ([17]),

(4) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, níor cheart go ndéanfadh an Rialachán seo difear do na nósanna imeachta chun bearta a ghlacadh arna dtionscnamh ach nach bhfuil críochnaithe roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo na Rialacháin atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a oiriúnú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 2271/96 ón gComhairle an 22 Samhain 1996 lena gcosnaítear i gcoinne éifeachtaí cur i bhfeidhm seach-chríochach reachtaíochta arna glacadh ag tríú tír, agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar an Rialachán sin nó a eascraíonn as (IO L 309, 29.11.1996, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1515/2001 ón gComhairle an 23 Iúil 2001 maidir leis na bearta a fhéadfaidh an Comhphobal a ghlacadh tar éis tuarascála a ghlac Comhlacht um Réiteach Díospóide an EDT (Eagraíocht Dhomhanda Trádála) maidir le hábhair frithdhumpála agus ábhair frith-fhóirdheontais (IO L 201, 26.7.2001, lch. 10).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 153/2002 ón gComhairle an 21 Eanáir 2002 maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine den pháirt eile, a fheidhmiú, agus chun an Comhaontú Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach agus Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine (IO L 25, 29.1.2002, lch. 16).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 427/2003 ón gComhairle an 3 Márta 2003 maidir le meicníocht chosanta idirthréimhseach atá sonrach ó thaobh an táirge de d'allmhairí atá de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 519/94 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 65, 8.3.2003, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 452/2003 ón gComhairle an 6 Márta 2003 maidir le bearta a fhéadfaidh an Comhphobal a ghlacadh i ndáil le héifeacht chomhcheangailte beart frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais agus beart cosanta (IO L 69, 13.3.2003, lch. 8).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 673/2005 ón gComhairle an 25 Aibreán 2005 lena mbunaítear dleachtanna custaim breise ar allmhairithe táirgí áirithe atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 110, 30.4.2005, lch. 1).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 200, 30.7.2005, lch. 1).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1616/2006 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2006 maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine den pháirt eile, a fheidhmiú, agus chun an Comhaontú Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hAlbáine (IO L 300, 31.10.2006, lch. 1).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 lena gcuirtear i bhfeidhm na socruithe do tháirgí de thionscnamh stát áirithe atá mar chuid de Ghrúpa na Stát san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) dá bhforáiltear i gcomhaontuithe ag bunú na gComhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch (IO L 348, 31.12.2007, lch. 1).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 140/2008 ón gComhairle an 19 Samhain 2007 maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Mhontainéagró den pháirt eile, a fheidhmiú, agus chun an Comhaontú Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Mhontainéagró den pháirt eile (IO L 43, 19.2.2008, lch. 1).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 ón gComhairle an 21 Eanáir 2008 lena dtugtar isteach fabhair uathrialaitheacha trádála do Phoblacht na Moldóive agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 980/2005 agus Cinneadh 2005/924/CE ón gCoimisiún, (IO L 20, 24.1.2008 lch. 1)

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 594/2008 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2008 maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin den pháirt eile, a fheidhmiú, agus chun an Comhaontú Eatramhach ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin den pháirt eile (IO L 169, 30.6.2008, lch. 1).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 188, 18.7.2009, lch. 93).

([14]) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis na comhrialacha d'allmhairí (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

([15]) Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ón gComhairle an 7 Iúil 2009 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 185, 17.7.2009, lch. 1).

([16]) Rialachán (CE) Uimh. 1061/2009 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear comhrialacha d'onnmhairí (IO L 291, 7.11.2009, lch. 1).

([17]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

*Airteagal 2*

Forléireofar tagairtí d'fhorálacha na Rialachán a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo mar thagairtí do na forálacha sin arna leasú leis an Rialachán seo.

Forléireofar tagairtí d'iar-ainmneacha coistí mar thagairtí d'ainmneacha nua na gcoistí amhail dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.

Ar fud na Rialachán a liostaítear san Iarscríbhinn:

(a) tuigfear gurb ionann aon tagairt do na focail 'Comhphobal Eorpach','Comhphobal', 'Comhphobail Eorpacha' nó 'Comhphobail' agus tagairt don 'Aontas Eorpach' nó don Aontas';

(b) tuigfear gurb ionann aon tagairt don chomhfhocal 'cómhargadh' agus tagairt don 'mhargadh inmheánach';

(c) tuigfear gurb ionann aon tagairt do na focail 'Coiste dá bhforáiltear in Airteagal 113', 'Coiste dá bhforáiltear in Airteagal 133', 'Coiste dá dtagraítear in Airteagal 113' agus 'Coiste dá dtagraítear in Airteagal 133' agus tagairt do 'Coiste dá bhforáiltear in Airteagal 207';

(d) tuigfear gurb ionann aon tagairt do na focail 'Airteagal 113 den Chonradh' nó 'Airteagal 133 den Chonradh' agus tagairt do 'Airteagal 207 den Chonradh'.

*Airteagal 3*

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do nósanna imeachta arna dtionscnamh chun bearta a ghlacadh dá bhforáiltear sna Rialacháin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó roimh a theacht i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair atá gníomh glactha ag an gCoimisiún;

(b) nuair atá gá le comhairliúchán faoi cheann de na Rialacháin a liostaítear san Iarscríbhinn agus tá na comhairliúcháin sin tionscanta; nó

(c) nuair atá gá le togra faoi cheann de na Rialacháin a liostaítear san Iarscríbhinn agus tá an togra sin glactha ag an gCoimisiún.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríochadú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 15 Eanáir 2014.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
D. KOURKOULAS

*IARSCRÍBHINN*

**LIOSTA NA RIALACHÁN A THAGANN FAOI RÉIM AN CHOMHBHEARTAIS TRÁCHTÁLA AGUS A CHUIRTEAR IN OIRIÚINT D'AIRTEAGAL 290 DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH NÓ D'FHORÁLACHA INFHEIDHME RIALACHÁN (AE) UIMH. 182/2011.**

1. **Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72**

Maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta cosanta a ghlacadh i ndáil le clásail dhéthaobhacha chosanta den Chomhaontú a chur chun feidhme. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás inar gá gníomhú láithreach de dheasca imthosca eisceachtúla, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme a ghlacadh láithreach, i gcás ina n-éileofaí amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, i gcásanna cuí-réasúnaithe a bhaineann le cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24, Airteagal 24a agus Airteagal 26 den Chomhaontú nó i gcás cabhracha d'onnmhairí a bhfuil éifeacht dhíreach agus láithreach acu ar thrádáil.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2841/72 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go gcuirfear an cheist faoi bhráid an Chomhchoiste, a bunaíodh leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise dá ngairtear an 'Comhaontú' anseo feasta, chun na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 22, 24, 24a agus 26 den Chomhaontú a dhéanamh. I gcás inar gá, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo.

Cuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit má chinneann sé an cheist a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt d'Airteagal 2(1):

"Nuair is gá, glacfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo.".

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

1. Más rud é, de dheasca imthosca eisceachtúla, gur gá gníomhú láithreach maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24, Airteagal 24a agus Airteagal 26 den Chomhaontú nó i gcás cabhracha d'onnmhairí a bhfuil éifeacht dhíreach agus láithreach acu ar thrádáil, féadfaidh an Coimisiún na bearta réamhchúraim dá bhforáiltear in Airteagal 27(3)(e) den Chomhaontú a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo, nó i gcás práinne, i gcomhréir le hAirteagal 7(3).

2. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún gníomhú, glacfaidh an Coimisiún cinneadh laistigh de thréimhse nach faide ná cúig lá oibre tar éis an iarraidh a fháil."

(4) Scriostar Airteagal 5.

(5) Cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

"*Airteagal 7*

1. Beidh an Coiste um Choimircí arna bhunú le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

*Airteagal 8*

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme arna cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1125/2009 ón gComhairle (***).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).
(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).
(***) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).".

2. **Rialachán (CEE) Uimh. 2843/72**

Maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 2843/72, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta cosanta a ghlacadh i ndáil le clásail dhéthaobhacha chosanta den Chomhaontú a chur chun feidhme. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme a ghlacadh láithreach, i gcás ina n-éileofaí amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, i gcásanna cuí-réasúnaithe a bhaineann le cásanna dá dtagraítear in Airteagal 25, Airteagal 25a agus Airteagal 27 den Chomhaontú nó i gcás cabhracha d'onnmhairí a bhfuil éifeacht dhíreach agus láithreach acu ar thrádáil.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2843/72 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go gcuirfear an cheist faoi bhráid an Chomhchoiste, a bunaíodh leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne dá ngairtear an 'Comhaontú' anseo feasta, chun na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 23, 25, 25a agus 27 den Chomhaontú a dhéanamh. I gcás inar gá, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo.

Cuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit má chinneann sé an cheist a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.".

(2) In Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"I gcás inar gá, glacfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo.".

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

1. Más rud é, de dheasca imthosca eisceachtúla, gur gá gníomhú láithreach maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 25, Airteagal 25a agus Airteagal 27 den Chomhaontú nó i gcás cabhracha d'onnmhairí a bhfuil éifeacht dhíreach agus láithreach acu ar thrádáil, féadfaidh an Coimisiún na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 28(3)(e) den Chomhaontú a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo, nó i gcás práinne, i gcomhréir le hAirteagal 7(3).

2. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún gníomhú, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an iarraidh sin laistigh de thréimhse nach faide ná cúig lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.".

(4) Scriostar Airteagal 5.

(5) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"*Airteagal 7*

1. Beidh an Coiste um Choimircí arna bhunú le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

*Airteagal 8*

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil i ndáil le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme arna chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1125/2009 ón gComhairle (***).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(***) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).".

3. **Rialachán (CEE) Uimh. 1692/73**

Maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 1692/73, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta cosanta a ghlacadh i ndáil le clásail dhéthaobhacha chosanta den Chomhaontú a chur chun feidhme. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme a ghlacadh láithreach, i gcás ina n-éileofaí amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, i gcásanna cuí-réasúnaithe a bhaineann le cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24, Airteagal 24a agus Airteagal 26 den Chomhaontú nó i gcás cabhracha d'onnmhairí a bhfuil éifeacht dhíreach agus láithreach acu ar thrádáil.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1692/73 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go gcuirfear an cheist faoi bhráid an Chomhchoiste, a bunaíodh leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua, dá ngairtear an 'Comhaontú' anseo feasta, chun na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 22, 24, 24a agus 26 den Chomhaontú a dhéanamh. I gcás inar gá, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo.

Cuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit má chinneann sé an cheist a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.".

(2) In Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"I gcás inar gá, glacfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo.".

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

1. Más rud é, de dheasca imthosca eisceachtúla, gur gá gníomhú láithreach maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24, Airteagal 24a agus Airteagal 26 den Chomhaontú nó i gcás cabhracha d'onnmhairí a bhfuil éifeacht dhíreach agus láithreach acu ar thrádáil, féadfaidh an Coimisiún na bearta réamhchúraim dá bhforáiltear in Airteagal 27(3)(e) den Chomhaontú a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Rialachán seo, nó i gcás práinne, i gcomhréir le hAirteagal 7(3).

2. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún gníomhú, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an iarraidh sin laistigh de thréimhse nach faide ná cúig lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.".

(4) Scriostar Airteagal 5.

(5) Cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

"*Airteagal 7*

1. Beidh an Coiste um Choimircí arna bhunú le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

*Airteagal 8*

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme arna chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1125/2009 ón gComhairle (***).

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(***) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).".

4. **Rialachán (CE) Uimh. 3286/94**

I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 3268/94, ceanglaítear coinníollacha aonfhoirmeacha le cur chun feidhme na nósanna imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear sa rialachán chun na cinntí maidir le seoladh na nósanna imeachta scrúdúcháin agus na bearta atá mar thoradh orthu a ghlacadh. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun scrúdúcháin reatha a chur ar fionraí, i bhfianaise éifeachtaí na mbeart sin agus a loighce seicheamhaí maidir le glacadh beart.

Ba cheart go gcoinneofaí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi fhorbairtí atá á ndéanamh faoin Rialachán seo, ionas go mbeidh siad in ann na himpleachtaí níos leithne beartais a bhaineann leis na forbairtí sin a mheas.

Ina theannta sin, a mhéid ar léir gurb é comhaontú le tríú tír an modh is iomchuí chun a díospóid a réiteach a d'éirigh as constaic ar thrádáil, ba cheart go ndéanfaí an chaibidlíocht chun na críche sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bunaíodh in Airteagal 207 den Chonradh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(3):

"3. I gcás inar léir nach dtugtar dóthain fianaise leis an ngearán chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh, cuirfear é sin in iúl don ghearánach.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas má chinneann sé nach dtugtar dóthain fianaise leis an ngearán chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(4):

"4. I gcás inar léir nach dtugtar dóthain fianaise leis an iarratas chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh, cuirfear é sin in iúl don Bhallstát.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas má chinneann sé nach dtugtar dóthain fianaise leis an ngearán chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.".

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

**Nós imeachta coiste**

1. (a) Beidh an Coiste um Bhacainní Trádála, dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta, de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(b) I gcás ina ndéantar tagairt don phointe seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(c) I gcás ina ndéantar tagairt don phointe seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Cuirfidh an Coimisiún freisin faisnéis a chuirfear ar fáil de bhun an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ionas gur féidir leo aon impleachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhbheartas tráchtála a mheas.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(1):

"1. I gcás inar léir don Choimisiún go bhfuil dóthain fianaise ann chun údar a thabhairt le nós imeachta scrúdúcháin a thionscnamh agus gur gá é sin a dhéanamh chun leas an Aontais, gníomhóidh an Coimisiún mar seo a leanas:

(a) fógróidh sé in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nós imeachta scrúdúcháin a thionscnamh. I bhfógra den sórt sin, léireofar an táirge nó an tseirbhís agus na tíortha lena mbaineann, déanfar achoimre ar an bhfaisnéis a fuarthas, agus déanfar foráil go gcuirfear an Coimisiún ar an eolas faoin bhfaisnéis ábhartha uile. Luafaidh sé ann an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh páirtithe leasmhara iarratas a dhéanamh ar éisteacht ó bhéal a fháil os comhair an Choimisiúin i gcomhréir le mír 5;

(b) cuirfidh sé ionadaithe na tíre nó na dtíortha atá ina n-ábhar den nós imeachta ar an eolas, ionadaithe ar féidir dul i gcomhairle leo, i gcás inarb iomchuí;

(c) déanfaidh sé an scrúdú ar leibhéal an Aontais, ag gníomhú dó i gcomhar leis na Ballstáit.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas má chinneann sé go dtugtar dóthain fianaise leis an ngearán chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.".

(5) In Airteagal 9(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"2. (a) Ní nochtfaidh an Coimisiún nó na Ballstáit lena n-áirítear oifigigh ceachtar acu sin aon fhaisnéis de chineál rúnda arna fáil de bhun an Rialacháin seo ná aon fhaisnéis arna cur ar fáil ar bhonn rúnda ag páirtí i nós imeachta scrúdúcháin, gan cead sonrach a fháil ón bpáirtí a chuir an fhaisnéis sin isteach.".

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

"*Airteagal 11*

**An nós imeachta a fhoirceannadh agus a chur ar fionraí**

1. Nuair a fhaightear, de thoradh an nós imeachta scrúdúcháin a dhéantar de bhun Airteagal 8, nach gá aon ghníomhú a dhéanamh chun leasa an Aontais, déanfaidh an Coimisiún an nós imeachta a fhoirceannadh, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(c).

2. (a) Más rud é, tar éis nós imeachta scrúdúcháin a dhéantar de bhun Airteagal 8, go nglacann an tríú tír nó na tríú tíortha lena mbaineann bearta a mheastar a bheith sásúil, agus nach gá aon ghníomhaíocht ag an Aontas dá bhrí sin, féadfaidh an Coimisiún an nós imeachta a fhionraí ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(b).

(b) Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur i bhfeidhm na mbeart seo, ar bhonn faisnéise arna soláthar go tráthrialta nuair is iomchuí, ar faisnéis í a fhéadfaidh an Coimisiún a iarraidh ó na tríú tíortha lena mbaineann.

(c) I gcás ina gcealaítear na bearta arna ndéanamh ag an tríú tír nó ag na tríú tíortha lena mbaineann, nó ina gcuirtear iad ar fionraí nó mura gcuirtear chun feidhme go cuí iad nó nuair atá foras ag an gCoimisiún a chreidiúint gur mar seo atá an cás nó, ar deireadh, nár deonaíodh iarratas ar fhaisnéis arna dhéanamh ag an gCoimisiún, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas, agus i gcás inarb iomchuí agus a bhfuil údar cuí leis le torthaí an imscrúdaithe agus na fíorais nua atá ar fáil déanfar aon bhearta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13(2).

3. Más rud é, tar éis nós imeachta scrúdúcháin a dhéantar de bhun Airteagal 8, nó am ar bith roimh nós imeachta idirnáisiúnta um réiteach díospóide, nó lena linn nó ina dhiaidh, gur cosúil gurb é an modh is iomchuí chun díospóid a réiteach a d'éirigh as constaic ar thrádáil comhaontú a thabhairt i gcrích leis an tríú tír nó leis na tríú tíortha lena mbaineann, ar comhaontú é a d'fhéadfadh cearta substaintiúla an Aontais agus an tríú tír nó na dtríú tíortha lena mbaineann a athrú, déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(b) den Rialachán seo, an nós imeachta a fhionraí agus déanfar caibidlíocht de réir fhorálacha Airteagal 207 den Chonradh.".

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

"*Airteagal 13*

**Nósanna imeachta cinnteoireachta**

1. I gcás ina leanfaidh an tAontas, de thoradh gearáin a dhéantar de bhun Airteagal 3 nó Airteagal 4 nó de thoradh tarchuir de bhun Airteagal 6, comhairliúchán foirmiúil idirnáisiúnta nó nósanna imeachta idirnáisiúnta um réiteach díospóide, déanfaidh an Coimisiún cinntí maidir le tionscnamh, stiúradh nó foirceannadh na nósanna imeachta sin.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas má chinneann sé comhairliúchán foirmiúil idirnáisiúnta nó nósanna imeachta idirnáisiúnta um réiteach díospóide a thionscnamh, a stiúradh nó a fhoirceannadh.

2. I gcás nach mór don Aontas, i ndiaidh dó gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 12(2), cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta comhbheartais tráchtála atá le glacadh de bhun Airteagal 11(2)(c) nó de bhun Airteagal 12 den Rialachán seo, gníomhóidh sé, gan mhoill, i gcomhréir le hAirteagal 207 den Chonradh agus, más iomchuí, le haon nósanna imeachta is infheidhme.".

(8) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 13a*

**Tuarascáil**

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme arna chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (*).

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51)".

(9) Scriostar Airteagal 14.

5. **Rialachán (CE) Uimh. 385/96**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 385/96, ceanglaítear coinníollacha aonfhoirmeacha le cur chun feidhme na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán sin chun na bearta is gá a ghlacadh chun an Rialachán sin a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 385/96 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(11):

"11. Gan dochar d'Airteagal 15(2), i gcás inar léir don Choimisiún go bhfuil dóthain fianaise ann chun údar a thabhairt le himeacht a thionscnamh, déanfaidh sé amhlaidh laistigh de 45 lá ón dáta a cuireadh an gearán isteach, nó, i gcás tionscnaimh de bhun mhír 8, laistigh de thréimhse nach faide ná sé mhí ón am a fuarthas eolas ar dhíol an tsoithigh nó ón am ar cheart eolas a bheith faighte ar a dhíol, agus foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás nach gcuirtear dóthain fianaise isteach, cuirfear é sin in iúl don ghearánach laistigh de 45 lá ón ngearán a chur isteach chuig an gCoimisiún.

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit tar éis dó a chinneadh go raibh gá le himeacht mar sin a thionscnamh.".

(2) Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcás ina bhfuil bearta neamhriachtanach, déanfar an t-imscrúdú nó na himeachtaí a fhoirceannadh. Foirceannfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(2).";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I gcás ina léiríonn na fíorais, faoi mar a shuífear sa deireadh thiar thall iad, go bhfuil praghsáil dhíobhálach i gceist agus go bhfuil díobháil déanta mar gheall uirthi, gearrfaidh an Coimisiún muirear praghsála díobhálaí ar an tógálaí long, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(2). Is ionann méid an mhuirir praghsála díobhálaí agus an corrlach praghsála díobhálaí arna bhunú. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas, na bearta is gá chun a chinneadh a chur chun feidhme, go háirithe an muirear praghsála díobhálaí a bhailiú.".

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 8:

"Is féidir an t-imscrúdú a fhoirceannadh gan muirear praghsála díobhálaí a ghearradh má chuireann an tógálaí long díol an tsoithigh de phraghas díobhálach ar neamhní go cinntitheach agus gan choinníoll nó má chomhlíonann sé leigheas coibhéiseach eile lenar ghlac an Coimisiún.".

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9(1):

"1. Mura n-íocfaidh an tógálaí long atá i gceist an muirear praghsála díobhálaí arna ghearradh faoi Airteagal 7, gearrfaidh an Coimisiún frithbhearta ar na soithí a thóg an tógálaí long sin i bhfoirm cearta luchtaithe agus díluchtaithe a dhiúltú.

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit a luaithe a thiocfaidh forais na bhfrithbheart dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun cinn.".

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"*Airteagal 10*

**Nós imeachta coiste**

1. Beidh Coiste a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13(5):

"5. Ní nochtfaidh an Coimisiún ná na Ballstáit lena n-áirítear oifigigh ceachtar acu sin, aon fhaisnéis a fuarthas de bhun an Rialacháin seo agus ar iarr a soláthraí go ndéileálfaí léi i modh rúnda, gan cead sonrach a fháil ón soláthraí. Ní sceithfear malairtí faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit ná aon doiciméid inmheánacha arna n-ullmhú ag údaráis an Aontais nó ag Ballstáit an Aontais ach amháin nuair a fhoráiltear dó sin go sonrach sa Rialachán seo.".

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14(3):

"3. Déanfar an nochtadh faisnéise i scríbhinn. Déanfar é sin, ag féachaint go cuí don ghá atá ann faisnéis rúnda a chosaint, a luaithe is féidir agus, de ghnáth, tráth nach lú ná mí amháin roimh chinneadh cinntitheach a dhéanamh. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún fíorais nó breithnithe áirithe a nochtadh ag an am sin, nochtfar iad sin a luaithe is féidir ina dhiaidh sin. Ní dhéanfaidh nochtadh aon dochar do chinneadh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh ina dhiaidh sin ach, i gcás ina bhfuil cinneadh den sórt sin bunaithe ar aon fhíorais agus breithnithe difriúla, nochtfar iad sin a luaithe is féidir.".

(8) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 14a*

**Tuarascáil**

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme arna chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009.".

6. **Rialachan (CE) Uimh. 2271/96**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 2271/96, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú.

Chun go nglacfaí na forálacha atá riachtanach chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le dlíthe a chur leis an liosta atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin nó i dtaca le hiad a scriosadh aisti. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachadh sé i mbun comhairle go hiomchuí le linn na hoibre ullmhúcháin, lena n-áirítear le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Ceanglaítear le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2271/96 coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le critéir a bhunú i ndáil le daoine a údarú chun go ndéanfaidís aon cheanglas nó toirmeasc, lena n-áirítear iarrataí ó chúirteanna coigríche, a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach, a mhéid go ndéanfadh neamhchomhlíonadh damáiste tromchúiseach dá leasanna nó do leasanna an Aontais. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2271/96 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun dlíthe, rialacháin nó ionstraimí reachtacha eile de chuid tríú tíortha a bhfuil cur i bhfeidhm seach-chríochach acu agus a bhfuil éifeachtaí díobhálacha acu ar leas an Aontais agus ar leas na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha a fheidhmíonn a gcearta faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur isteach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus chun na dlíthe, na rialacháin nó na hionstraimí reachtacha eile a scriosadh nuair nach mbeidh na héifeachtaí céanna acu a thuilleadh.".

(2) In Airteagal 7, pointe (c).

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

1. Chun críocha Airteagal 7(b) a chur chun feidhme, beidh an Coiste um Reachtaíocht Sheach-chríochach de chúnamh ag an gCoimisiún. Glacfar na bearta cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

(4) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"*Airteagal 11a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 1 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 20 Feabhra 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh fadaithe den sórt sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1 a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 1 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear ceithre mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.".

7. **Rialachán (CE) Uimh. 1515/2001**

I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 1515/2001, ceanglaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta a ghlacadh tar éis tuarascála a ghlac Comhlacht um Réiteach Díospóide an EDT maidir le hábhair frithdhumpála agus ábhair frith-fhóirdheontais. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun bearta a chur ar fionraí le haghaidh tréimhse teoranta ama de bharr éifeachtaí beart den sórt sin.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1515/2001 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

1. Aon uair a ghlacann an Comhlacht um Réiteach Díospóide tuarascáil a bhaineann le beart de chuid an Aontais arna dhéanamh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (*), de bhun Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle (**), nó de bhun an Rialacháin seo ("beart is ábhar díospóide"), féadfaidh an Coimisiún ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a dhéanamh, cibé acu a mheasann sé is iomchuí, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3a(3):

(a) an beart is ábhar díospóide a aisghairm nó a leasú; nó

(b) aon bhearta cur chun feidhme speisialta eile a ghlacadh a mheastar atá iomchuí sna cúinsí sin chun go gcomhlíonfaidh an tAontas na moltaí agus na rialuithe atá sa tuarascáil.

2. Chun críocha bearta a ghlacadh faoi mhír 1, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar pháirtithe leasmhara an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil chun an fhaisnéis a chríochnú a fuarthas le linn an imscrúdaithe a raibh glacadh an bhirt is ábhar díospóide mar thoradh air.

3. A mhéid is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh sula nglacfar aon bhearta faoi mhír 1 nó fad atá aon bhearta faoin mír sin á nglacadh, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an t-athbhreithniú sin a thionscnamh. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit a luaithe a chinnfidh sé athbhreithniú a thionscnamh.

4. A mhéid is iomchuí an beart is ábhar díospóide nó an beart leasuithe a fhionraí, déanfaidh an Coimisiún an fhionraí sin a údarú ar feadh tréimhse teoranta ama, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 3a(2).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 188, 18.7.2009, lch. 93).".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

1. Féadfaidh an Coimisiún aon bheart atá luaite in Airteagal 1(1) a ghlacadh freisin, má mheasann sé gur iomchuí sin, d'fhonn léirithe dlí, arna ndéanamh i dtuarascáil an Chomhlachta um Réiteach Díospóide maidir le beart nach ábhar díospóide é.

2. Chun críocha bearta a ghlacadh faoi mhír 1, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar pháirtithe leasmhara an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil chun an fhaisnéis a chríochnú a fuarthas le linn an imscrúdaithe a raibh glacadh an bhirt nach ábhar díospóide é mar thoradh air.

3. A mhéid is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh sula nglacfar aon bhearta faoi mhír 1 nó fad atá aon bhearta faoin mír sin á nglacadh, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an t-athbhreithniú sin a thionscnamh. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit a luaithe a chinnfidh sé athbhreithniú a thionscnamh.

4. A mhéid is iomchuí an beart nach ábhar díospóide é nó an beart leasuithe a fhionraí, déanfaidh an Coimisiún an fhionraí sin a údarú ar feadh tréimhse teoranta ama, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 3a(2).".

(3) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 3a*

1. Beidh cúnamh ag an gCoimisiún ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

(4) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 3b*

**Tuarascáil**

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme arna chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009.".

8. **Rialachán (CE) Uimh. 153/2002**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 153/2002, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta cosanta agus bearta eile a ghlacadh i ndáil leis na clásail dhéthaobhacha chosanta an Chomhaontaithe Eatramhaigh agus an Chomhaontaithe um Chobhsaíocht agus um Chomhlachas a chur chun feidhme. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo a bhaineann le himthosca eisceachtúla agus géibheannacha a thagann chun cinn de réir bhrí Airteagal 24(4)(b) agus Airteagal 25(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 37(4)(b) agus Airteagal 38(4) den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, go n-éilítear é sin ar mhórchúiseanna práinne.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 153/2002 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

**Lamháltais mairteola óig**

Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 14(2) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 27(2) den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, a bhaineann leis na taraif-chuótaí do tháirgí 'mairteola óig' a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7fa(4) den Rialachán seo.".

(2) Scriostar Airteagal 3.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

**Lamháltais bhreise**

Más rud é, de bhun Airteagal 29 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais agus de bhun Airteagal 16 den Chomhaontú Eatramhach, go ndéantar lamháltais bhreise do tháirgí iascaigh a dheonú laistigh de na taraif-chuótaí, déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme na dtaraif-chuótaí sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 7fa(4) den Rialachán seo.".

(4) Scriostar Airteagal 5.

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

**Oiriúnuithe teicniúla**

I gcás leasuithe agus oiriúnuithe teicniúla ar na rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo a bhfuil gá leo tar éis athruithe ar chóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus ar fhoranna TARIC nó a thig as comhaontuithe, prótacail, malartuithe litreacha nó gníomhartha eile a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7fa(4) den Rialachán seo.".

(6) Leasaítear Airteagal 7a mar seo a leanas:

(a) scriostar mír 2, mír 3 agus mír 4;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 6:

"Ar na comhairliúcháin a bheith críochnaithe, agus mura mbeidh aon socrú indéanta eile ann, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7fa(4) den Rialachán seo nach ngníomhóidh sé nó go nglacfaidh sé bearta iomchuí dá bhforáiltear in Airteagal 25 agus in Airteagal 26 den Chomhaontú Eatramhach, agus ina dhiaidh sin in Airteagal 37 agus in Airteagal 38 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais.";

(c) scriostar mír 7, mír 8 agus mír 9.

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. Na comhairliúcháin laistigh den Chomhairle um Chomhar, agus ina dhiaidh sin an Coiste Cobhsaíochta agus Comhlachais, measfar go mbeidh siad críochnaithe 30 lá tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 5 a fháil.".

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7b:

"*Airteagal 7b*

**Imthosca eisceachtúla agus géibheannacha**

I gcás ina dtiocfaidh imthosca eisceachtúla agus géibheannacha chun cinn de réir bhrí Airteagal 25(4)(b) agus Airteagal 26(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 38(4)(b) agus Airteagal 39(4) den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, féadfaidh an Coimisiún bearta láithreacha a ghlacadh de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 25 agus in Airteagal 26 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 38 agus in Airteagal 39 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7fa(4) den Rialachán seo, nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 7fa(5) den Rialachán seo.

Má fhaigheann an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát, glacfaidh an Coimisiún Cinneadh ina thaobh laistigh de chúig lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.".

(8) In Airteagal 7e, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. I gcás cleachtais a d'fhéadfadh údar cuí a thabhairt do chur i bhfeidhm, ag an Aontas, na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 33 den Chomhaontú Eatramhach, agus ina dhiaidh sin Airteagal 69 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, déanfaidh an Coimisiún tar éis dó an cás a scrúdú, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Bhallstát, cinneadh cibé an bhfuil an nós ag luí leis an gComhaontú. Nuair is gá, glacfaidh sé bearta cosanta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7fa(4), ach amháin sna cásanna cúnaimh inar infheidhme Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle (*) iad agus glacfar bearta i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán sin. Déanfar bearta a thógáil faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 33(5) den Chomhaontú Eatramhach amháin, agus ina dhiaidh sin Airteagal 69 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais.

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 188, 18.7.2009, lch. 93).".

(9) Leasaítear Airteagal 7f mar seo a leanas

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Go dtí go mbainfear amach réiteach comhshásúil sna comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le bearta iomchuí eile a mheasann sé a bheith riachtanach i gcomhréir le hAirteagal 30 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 43 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7fa(4) den Rialachán seo."

(b) scriostar mír 4, mír 5 agus mír 6.

(10) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 7fa*

**An nós imeachta coiste**

1. Chun críocha Airteagal 2, beidh an Coiste arna bhunú le hAirteagal 195 de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. Chun críocha Airteagal 4, beidh an Coiste um an gCód Custaim arna bhunú le hAirteagal 184 de Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. Chun críocha Airteagal 7a, 7b, 7e agus 7f, beidh an Coiste um Choimircí arna bhunú le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle (****) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

5. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i dteannta Airteagal 5 de.

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus lena leagtar síos forálacha sonracha do tháirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(***) Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008, lena leagtar síos an Cód Custaim Comhphobail (an Cód Custaim Nuachóirithe) (IO L 145, 4.6.2008, lch. 1).

(****) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis na comhrialacha d'allmhairí (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).".

9. **Rialachán (CE) Uimh. 427/2003**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 427/2003, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú.

Chun go nglacfaí na forálacha atá riachtanach chun Rialachán (CE) Uimh. 427/2003 a chur chun feidhme, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 625/2009, chun tíortha a bhaint den liosta tríú tíortha atá san Iarscríbhinn sin nuair a thiocfaidh dóibh a bheith ina gcomhaltaí de EDT. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn na hoibre ullmhúcháin, lena n-áirítear le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Ina theannta sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na bearta is gá a ghlacadh chun an Rialachán sin a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid maidir le bearta faireachais agus bearta sealadacha a ghlacadh i bhfianaise éifeachtaí beart den sórt sin agus a loighce seicheamhaí maidir le bearta cosanta cinntitheacha a ghlacadh. I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na mbeart ina cúis le dochar a bheadh deacair a leigheas, is gá a cheadú don Choimisiún bearta sealadacha atá infheidhme láithreach a ghlacadh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 427/2003 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(4):

"4. I gcás inar léir go bhfuil dóthain fianaise ann lena dtugtar bonn cirt chun imeacht a thionscnamh agus nach bhfuil réiteach comhshásúil mar thoradh ar aon chomhairliúcháin faoi mhír 3, foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit tar éis dó a chinneadh go mbeidh gá le himeacht mar sin a thionscnamh.".

(2) Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Cuirfear bearta sealadacha cosanta i bhfeidhm in imthosca eisceachtúla i gcás ina ndéanfadh moill dochar a bheadh deacair a leigheas, tar éis réamhchinnidh gurb iad allmhairí is cúis le suaitheadh margaidh i dtionscal an Aontais nó go bhfuil bagairt ann go mbeidh siad mar chúis leis, agus má tá gá, chun leas an Aontais, le hidirghabháil. Glacfaidh an Coimisiún na bearta sealadacha sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2). I gcásanna práinne, beidh feidhm ag Airteagal 15(4).";

(b) scriostar mír 3.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

**Foirceannadh gan bearta a ghlacadh**

I gcás ina measfar nach bhfuil gá le bearta cosanta déthaobhacha, cuirfear deireadh leis an imscrúdú nó leis an imeacht i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3).".

(4) Leasaítear Airteagal 9 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. I gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuífear go críochnaitheach iad, go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 1, in Airteagal 2 agus in Airteagal 3, de réir mar is iomchuí, á gcomhlíonadh, agus má tá gá, chun leas an Aontais, le hidirghabháil i gcomhréir le hAirteagal 19, iarrfaidh an Coimisiún comhairliúcháin le Rialtas na Síne d'fhonn réiteach comhshásúil a lorg.

2. Mura mbeidh réiteach comhshásúil mar thoradh ar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo laistigh de 60 lá ón iarraidh ar chomhairliúcháin a fháil, forchuirfear beart cinntitheach cosanta nó beart atreoraithe trádála i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(3). I gcásanna práinne, beidh feidhm ag Airteagal 15(5).";

(b) scriostar mír 3 go mír 6.

(5) In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

"3. Le linn d'aon bheart cosanta a bheith i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún, bíodh sé ar iarraidh ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, éifeachtaí an bhirt a scrúdú agus a dhéanamh amach an bhfuil cur i bhfeidhm an bhirt sin fós riachtanach.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil cur i bhfeidhm an bhirt fós riachtanach, cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas dá réir sin.

4. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur cheart aon bheart cosanta a chúlghairm nó a leasú, déanfaidh sé na bearta cosanta a chúlghairm nó a leasú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3).".

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14(4):

"4. Féadfar, chun leas an Aontais, bearta a fhorchuirfear de bhun an Rialacháin seo a fhionraí ar feadh naoi mí le cinneadh ón gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Féadfaidh an Coimisiún an fhionraí a fhadú ar feadh tréimhse eile, nach faide ná aon bhliain amháin, má ghníomhaíonn sé i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2).".

(7) Cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

"*Airteagal 14a*

**Cumhachtaí a thabhairt**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14b den Rialachán seo i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 (*) ón gComhairle chun tíortha a bhaint den liosta tríú tíortha atá san Iarscríbhinn sin nuair a thiocfaidh dóibh a bheith ina gcomhaltaí de EDT.

*Airteagal 14b*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 22(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse chúig bliana 20 Feabhra 2014. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana sin. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh fadaithe den sórt sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 22(3) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a sonrófar sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht gníomhartha tarmligthe ar bith atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 22(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin, nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ón gComhairle an 7 Iúil 2009 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 185, 17.7.2009, lch. 1).".

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

"*Airteagal 15*

**An nós imeachta Coiste**

1. Beidh an Coiste um Choimircí a bunaíodh le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 4 de.

5. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 5 de.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 20.2.2011, lch. 13).".

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17(5):

"5. Ní nochtfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, nó oifigigh ceachtar acu sin, aon fhaisnéis a fuarthas de bhun an Rialacháin seo agus ar iarr a soláthraí go ndéileálfaí léi i modh rúnda, gan cead sonrach a fháil ón soláthraí. Maidir le faisnéis a roinnfear idir an Coimisiún agus na Ballstáit nó aon fhaisnéis a bhaineann le comhairliúcháin a dhéanfar de bhun Airteagal 12, nó le comhairliúcháin a bhfuil tuairisc orthu in Airteagal 5(3) agus in Airteagal 9(1), nó doiciméid inmheánacha ar bith a ullmhóidh údaráis an Aontais nó Ballstáit an Aontais, ní sceithfear iad sin chuig an bpobal nó chuig aon pháirtí san imeacht, ach amháin nuair a fhoráiltear dó sin go sonrach sa Rialachán seo.".

(10) In Airteagal 18(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

"Ní dhéanfaidh nochtadh aon dochar do chinneadh a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh ina dhiaidh sin ach, i gcás ina mbeidh cinneadh den sórt sin bunaithe ar fhíorais agus ar bhreithnithe difriúla, nochtfar iad sin a luaithe is féidir.".

(11) In Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 agus mhír 6:

"5. Scrúdóidh an Coimisiún an fhaisnéis a dhéantar a thíolacadh go cuí agus scrúdóidh sé a ionadaí atá sí agus déanfar torthaí na hanailíse sin, mar aon le tuairim ar a fhiúntaí atá sí, a sheoladh chuig an gCoiste mar chuid den dréacht-bheart a chuirtear isteach de bhun Airteagal 9 den Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún tuairimí an choiste a chur san áireamh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

6. Féadfaidh na páirtithe a ghníomhaigh i gcomhréir le mír 2 a iarraidh go gcuirfear na fíorais agus na breithnithe ar dhócha go nglacfar na cinntí deireanacha ina leith ar fáil dóibh. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil a mhéid agus is féidir agus gan dochar d'aon chinneadh a ghlacfaidh an Coimisiún ina dhiaidh sin.".

(12) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 19a*

**Tuarascáil**

1. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme arna chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (*).

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).".

(13) Scriostar mír 3 d'Airteagal 22.

10. **Rialachán (CE) Uimh. 452/2003**

I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 452/2003, chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 452/2003 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 1(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"1. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhféadfadh éifeachtaí níos mó ná mar is inmhianaithe ó thaobh beartais chosanta trádála an Aontais a bheith mar thoradh ar theaglaim de bhearta frith-dhumpála nó frith-fhóirdheontais agus bearta cosanta taraife a bheith ar na hallmhairí céanna, féadfaidh sé cibé bearta de na bearta seo a leanas is iomchuí leis a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(2):".

(2) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 2a*

1. Beidh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (*) ón gComhairle de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

11. **Rialachán (CE) Uimh. 673/2005**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 673/2005, tugtar an chumhacht don Chomhairle chun an Rialachán sin a aisghairm. Ba cheart an chumhacht sin a bhaint agus ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haisghairm Rialachán (CE) Uimh. 673/2005.

Dá réir sin, scriostar Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 673/2005.

12. **Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú.

Chun go nglacfaí na forálacha atá riachtanach chun Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 a chur i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le Iarscríbhinní I, II, III, IV agus V a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachadh sé i mbun comhairliúchán iomchuí le linn na hoibre ullmhúcháin, lena n-áirítear le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a chun Iarscríbhinní I, II, III, IV agus V a leasú. Déanfar na sonraí in Iarscríbhinn 1 maidir leis na húdaráis inniúla de chuid na mBallstát a leasú ar bhonn faisnéise a chuirfidh na Ballstáit ar fáil.".

(2) Scriostar Airteagal 15.

(3) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 15a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse chúig bliana ón 20 Feabhra 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh fadaithe den sórt sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear i Airteagal 12 a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a sonrófar sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.".

(4) Scriostar Airteagal 16.

13. **Rialachán (CE) Uimh. 1616/2006**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1616/2006, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta cosanta agus bearta eile a ghlacadh i ndáil le clásail dhéthaobhacha chosanta an Chomhaontaithe Eatramhaigh agus an Chomhaontaithe um Chobhsaíochta agus um Chomhlachas a chur chun feidhme. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le himthosca eisceachtúla agus géibheannacha a thagann chun cinn de réir bhrí Airteagal 26(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 39(4) den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, go n-éilítear é sin ar mhórchúiseanna práinne.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1616/2006 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

**Lamháltais d'iasc agus do tháirgí iascaigh**

Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 15(1) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 28(1) de CCC, a mhéid a bhaineann leis na taraif-chuótaí d'iasc agus do tháirgí iascaigh a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo.".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

**Oiriúnuithe teicniúla**

I gcás leasuithe agus oiriúnuithe teicniúla ar na forálacha arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a bhfuil gá leo tar éis athruithe ar chóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus ar fhoranna TARIC nó a thig as Comhaontuithe, Prótacail, Malartuithe Litreacha nó Gníomhartha eile, idir nua agus mhodhnaithe, a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Poblacht na hAlbáine, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo.".

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"*Airteagal 5*

**Clásal cosanta ginearálta**

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 25 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 38 de CCC, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 25 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 38 de CCC.".

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

"*Airteagal 6*

**Clásal ganntanais**

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh amhail dá bhforáiltear in Airteagal 26 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 39 de CCC, glacfar an beart sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo.".

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír, an cheathrú mír agus an chúigiú mír d'Airteagal 7:

"Glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3), nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 8a(4)."

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(2):

"2. Glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3), nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 8a(4)."

(7) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 8a*

**An nós imeachta Coiste**

1. Chun críocha Airteagal 2, Airteagal 4 agus Airteagal 11 beidh an Coiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 184 de Rialachán (CEE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. Chun críocha Airteagail 5, 6, 7 agus 8, beidh an Coiste a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle (***) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) (IO L 145, 4.6.2008, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(***) Rialachán (CEE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le comhrialacha maidir le hallmhairithe (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1)."

(8) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

"Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo, cóir fhabhrach ábhartha na dtáirgí a fhionraí go sealadach amhail dá bhforáiltear in Airteagal 30(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 43(4) de CCC."

(9) Scriostar Airteagal 12.

14. **Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007**

Maidir le Rialachán (CE)Uimh. 1528/2007, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún na bearta is gá a ghlacadh chun é a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun cóir a chur ar fionraí i bhfianaise chineál an fhionraí sin. Ba cheart go n-úsáidfear é freisin chun bearta faireachais agus bearta cosanta sealadacha a ghlacadh i bhfianaise éifeachtaí beart den sórt sin. I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na mbeart ina cúis le damáiste a bheadh deacair a leigheas, is gá a cheadú don Choimisiún bearta sealadacha atá infheidhme láithreach a ghlacadh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 mar seo a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"3. I gcás ina chinneann an Coimisiún, ar bhonn faisnéise arna soláthar ag Ballstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2 comhlíonta, féadfar an chóir ábhartha a fhionraí i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(1c), ar choinníoll go mbeidh an méid seo a leanas déanta ar dtús ag an gCoimisiún:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Déanfar an tréimhse fionraíochta faoin Airteagal seo a theorannú go dtí an tréimhse sin atá riachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ní rachaidh an tréimhse sin thar shé mhí, ach féadfar an tréimhse sin a athnuachan. Ag deireadh na tréimhse sin, cinnfidh an Coimisiún an ndéanfaidh sé an fhionraí a fhoirceannadh nó an bhfadóidh sé an tréimhse fionraíochta i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(1c).";

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Maidir leis an gcinneadh chun an chóir ábhartha a fhionraí, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(4).".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(3):

"3. Maidir leis na rialacha mionsonraithe do chur chun feidhme na dtaraif-chuótaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, déanfar iad a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(5).".

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(4):

"4. Maidir leis na rialacha mionsonraithe do roinnt de réir réigiúin agus do chur chun feidhme na dtaraif-chuótaí dá dtagraítear san Airteagal seo, déanfar iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(5).".

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9(5):

"5. Glacfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le foroinnt na gcainníochtaí dá bhforáiltear i mír 1 agus maidir le bainistiú an chórais dá dtagraítear i mír 1, mír 3 agus mír 4 den Airteagal seo, mar aon le cinntí fionraíochta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(5).".

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10(4):

"4. Glacfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le bainistiú an chórais sin mar aon le cinntí fionraíochta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(5).".

(6) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

"3. I gcás inar léir go bhfuil dóthain fianaise ann chun údar a thabhairt le himeacht a thionscnamh, foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tionscnófar an t-imeacht laistigh d'aon mhí amháin tar éis dháta an fhaisnéis a fháil ó Bhallstát.

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit maidir lena anailís ar an bhfaisnéis de ghnáth laistigh de 21 lá ón dáta ar a gcuirtear an fhaisnéis ar fáil don Choimisiún.

4. Má bhíonn an Coimisiún den tuairim go bhfuil na himthosca atá leagtha amach in Airteagal 12 ann, tabharfaidh sé fógra gan mhoill don réigiún nó do na stáit lena mbaineann atá liostaithe in Iarscríbhinn I go bhfuil sé ar intinn aige imscrúdú a thionscnamh. Féadfaidh cuireadh do chomhairliúcháin bheith leis an bhfógra agus é mar aidhm aige an cás a shoiléiriú agus teacht ar réiteach atá comhshásúil."

(7) Leasaítear Airteagal 16 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Déanfar bearta cosanta sealadacha a chur i bhfeidhm i gcúinsí géibheannacha i gcás ina mbeadh moill ina cúis le damáiste nach bhféadfaí a chur ina cheart gan dua, de bhun réamhchinnidh go bhfuil na toscaí a leagtar amach in Airteagal 12 ann mar is iomchuí. Glacfar bearta sealadacha i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(4) nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 21(6).

2. I bhfianaise chás áirithe na réigiún is forimeallaí agus a leochaileacht má tharlaíonn aon bhorradh ar allmhairithe, cuirfear bearta cosanta sealadacha i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta a bhaineann leo nuair a bheidh sé léirithe le réamhchinneadh go bhfuil méadú tagtha ar allmhairithe. Glacfar bearta sealadacha i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(4) nó i gcásanna práinne, dá dtagraítear in Airteagal 21(6).";

(b) scriostar mír 4.

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

"*Airteagal 17*

**An t-imscrúdú agus an t-imeacht a fhoirceannadh gan bearta a ghlacadh**

I gcás ina measfar nach bhfuil gá le bearta cosanta déthaobhacha, foirceannfar an t-imscrúdú agus an t-imeacht i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 21(5).".

(9) Leasaítear Airteagal 18 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Mura mbeidh réiteach comhshásúil mar thoradh ar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo laistigh de 30 lá ón ábhar a chur faoi bhráid an réigiúin nó an stáit lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún cinneadh bearta cosanta cinntitheacha déthaobhacha a fhorchur i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(5) laistigh de 20 lá oibre ó dheireadh na tréimhse comhairliúcháin.".

(b) scriostar mír 3 agus mír 4.

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20(2):

"2. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh faireachas a fhorchur i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(4).".

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

"*Airteagal 21*

**An nós imeachta Coiste**

1. Chun críocha Airteagail 16, 17, 18 agus 20 den Rialachán seo, beidh an Coiste um Choimircí arna bhunú le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. Chun críocha Airteagal 4 agus Airteagal 5, beidh an Coiste um an gCód Custaim arna bhunú le hAirteagal 184 de Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. Chun críocha Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 9, beidh an coiste arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (****) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

5. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

6. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 4 den Rialachán sin.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 an 26 Feabhra 2009 ón gComhairle maidir le comhrialacha maidir le hallmhairithe (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).
(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)
(***) Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) (IO L 145, 4.6.2008, lch. 1)
(****) Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus lena leagtar síos forálacha sonracha do tháirgí áirithe talmhaíochta (Rialachán maidir le CEM Aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1).".

(12) Scriostar Airteagal 24.

(13) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 24b*

**Tuarascáil**

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).".

15. **Rialachán (CE) Uimh. 140/2008**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 140/2008, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta cosanta agus bearta eile a ghlacadh i ndáil le clásail dhéthaobhacha chosanta an Chomhaontaithe Eatramhaigh agus an Chomhaontaithe um Chobhsaíocht agus um Chomhlachas a chur chun feidhme. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le himthosca eisceachtúla agus géibheannacha a thagann chun cinn de réir bhrí Airteagal 26(5)b agus Airteagal 27(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 41(5)b agus Airteagal 42(4) den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, go n-éilítear é sin ar mhórchúiseanna práinne.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 140/2008 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

**Lamháltais d'iasc agus do tháirgí iascaigh**

Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 14 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 29 de CCC, maidir leis na taraif-chuótaí d'iasc agus do tháirgí iascaigh, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 6:

"*Airteagal 4*

**Oiriúnuithe teicniúla**

I gcás leasuithe agus oiriúnuithe teicniúla ar na forálacha arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a bhfuil gá leo tar éis athruithe ar chóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus ar fhoranna TARIC nó a thig as Comhaontuithe, Prótacail, Malartuithe Litreacha nó Gníomhartha eile, idir nua agus mhodhnaithe, a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Poblacht Mhontainéagró, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Clásal cosanta ginearálta**

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 26 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 41 de CCC, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 26 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 41 de CCC.

*Airteagal 6*

**Clásal ganntanais**

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh amhail dá bhforáiltear in Airteagal 27 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 42 de CCC, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo.".

(3) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír, an cheathrú mír agus an chúigiú mír:

"Glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3). I gcásanna práinne, beidh feidhm ag Airteagal 8a(3)."

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(2):

"2. Glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3). I gcásanna práinne, beidh feidhm ag Airteagal 8a(4)."

(5) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 8a*

**An nós imeachta Coiste**

1. Chun críocha Airteagal 4 den Rialachán seo, beidh an Coiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 184 de Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. Chun críocha Airteagail 5, 6, 7 agus 8 den Rialachán seo, beidh an Coiste a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 (***) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) (IO L 145, 4.6.2008, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)

(***) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 an 26 Feabhra 2009 ón gComhairle maidir le comhrialacha maidir le hallmhairithe (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).".

(6) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

"Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin a leagtar amach in Airteagal 8a(2) den Rialachán seo, cóir fhabhrach ábhartha na dtáirgí a fhionraí go sealadach amhail dá bhforáiltear in Airteagal 31(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 46(4) de CCC.".

(7) Scriostar Airteagal 12.

16. **Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 ón gComhairle**

I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 55/2008, chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid chun bearta faireachais agus bearta sealadacha a ghlacadh agus chun cóir fhabhrach a fhionraí go sealadach i bhfianaise éifeachtaí na mbeart sin agus a loighce seicheamhaí i ndáil le glacadh beart cosanta cinntitheach. I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na mbeart ina cúis le damáiste a bheadh deacair a leigheas, is gá a cheadú don Choimisiún bearta sealadacha atá infheidhme láithreach a ghlacadh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(3):

"3. D'ainneoin forálacha eile de chuid an Rialacháin seo, go háirithe Airteagal 10, i gcás ina bhfuil allmhairithe táirgí talmhaíochta ina gcúis do shuaitheadh tromchúiseach do mhargaí an Aontais agus dá sásraí rialála, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta iomchuí a ghlacadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11a(5).".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

**Cur chun feidhme taraif-chuótaí le haghaidh táirgí déiríochta**

Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe chun taraif-chuótaí a chur chun feidhme maidir le ceannteidil 0401 go 0406. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11a(5).".

(3) Scriostar Airteagal 8.

(4) Leasaítear Airteagal 10 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"1. I gcás ina dtabharfaidh an Coimisiún faoi deara go bhfuil dóthain fianaise ann chun calaois, nó mírialtachtaí a léiriú nó chun a léiriú gur théip ar an Moldóiv go córasach na rialacha maidir le tionscnamh táirgí agus na nósanna imeachta a bhaineann leis sin a chomhlíonadh, nó a áirithiú go gcomhlíonfar iad, agus gur théip uirthi comhar riaracháin a sholáthar mar a thagraítear dó in Airteagal 2(1), nó gur théip uirthi aon cheann de na coinníollacha eile atá sainithe in Airteagal 2(1) a chomhlíonadh, féadfaidh sé bearta a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11a(5) chun na socruithe fabhracha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a fhionraí go hiomlán nó go páirteach ar feadh tréimhse nach faide na sé mhí, ar an gcoinníoll go bhfuil an méid seo a leanas déanta aige ar dtús:"

(b) scriostar mír 2.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Nuair a bheidh críoch le tréimhse na fionraíochta, cinnfidh an Coimisiún an gcuirfidh sé deireadh leis an mbeart sealadach fionraíochta nó an gcuirfidh sé síneadh leis an mbeart fionraíochta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11a(5).".

(5) Leasaítear Airteagal 11 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. I gcás ina ndéanfar táirge atá de thionscnamh na Moldóive a allmhairiú ar théarmaí a bheidh ina gcúis, nó ag bagairt a bheith ina gcúis, le deacrachtaí tromchúiseacha do tháirgeoir de chuid an Aontais a tháirgeann táirgí cosúla nó táirgí dír-iomaíocha, féadfaidh an Coimisiún dleachtanna na Comhtharaife Custaim a thabhairt isteach arís ar an táirge sin ag tráth ar bith i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11a(5).";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5, mhír 6 agus mhír 7:

"5. Críochnófar an t-imscrúdú laistigh de shé mhí tar éis fhoilsiú an fhógra dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Féadfaidh an Coimisiún, in imthosca eisceachtúla, an tréimhse sin a fhadú i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11a(4).

6. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh laistigh de thrí mhí, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11a(5). Rachaidh cinneadh den sórt sin i bhfeidhm amhail ón dáta a bhfoilseofar é.

7. I gcásanna ina bhfágann imthosca eisceachtúla, a mbíonn gá le gníomhú láithreach maidir leo, gur dodhéanta imscrúdú, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11a(6), aon bheart coisctheach a dhéanamh má tá fíorghá leis.".

(6) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 11a*

**An nós imeachta Coiste**

1. Chun críocha Airteagal 3(3) agus Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Rialachán seo, beidh an Coiste um Choimircí a bunaíodh le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle maidir leis na comhrialacha d'allmhairí (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2 Chun críocha Airteagal 4 den Rialachán seo, beidh an coiste arna bhunú le hAirteagal 195 de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 (***) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. Chun críocha Airteagal 10 den Rialachán seo, beidh an coiste arna bhunú le hAirteagal 184 de Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (****). Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

5. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

6. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 4 den Rialachán sin.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 an 26 Feabhra 2009 ón gComhairle maidir le comhrialacha maidir le hallmhairithe (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)

(***) Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) (IO L 145, 4.6.2008, lch. 1)

(****) Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus lena leagtar síos forálacha sonracha do tháirgí áirithe talmhaíochta (Rialachán maidir le CEM Aonair) (IO L 299, 16.11.2007, lch. 1).".

(7) In Airteagal 12 cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Mura gcomhlíonann an Mholdóiv na rialacha tionscnaimh nó mura soláthraíonn sí comhar riaracháin, mar a cheanglaítear in Airteagal 2, do Chaibidlí 17, 18, 19 agus 21 réamhluaite nó má dhéanann allmhairithe táirgí faoi na Caibidlí sin atá faoi réir na socruithe fabhair a dheonaítear faoin Rialachán seo na gnáthleibhéil allmhairithe a bhíonn ag an Moldóiv a shárú go suntasach, déanfar bearta iomchuí i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11a(5).".

17. **Rialachán (CE) Uimh. 594/2008**

Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 594/2008, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta cosanta agus bearta eile a ghlacadh i ndáil le clásail dhéthaobhacha chosanta an Chomhaontaithe Eatramhaigh agus an Chomhaontaithe um Chobhsaíocht agus um Chomhlachas a chur chun feidhme. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le himthosca eisceachtúla agus géibheannacha a thagann chun cinn de réir bhrí Airteagal 24(5)b agus Airteagal 25(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 39(5)b agus Airteagal 40(4) den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais, go n-éilítear é sin ar mhórchúiseanna práinne.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 594/2008 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

"*Airteagal 2*

**Lamháltais d'iasc agus do tháirgí iascaigh**

Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 13 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 28 de CCC, maidir leis na taraif-chuótaí d'iasc agus do tháirgí iascaigh, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo.".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 6:

"*Airteagal 4*

**Oiriúnuithe teicniúla**

I gcás leasuithe agus oiriúnuithe teicniúla ar na forálacha arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a bhfuil gá leo tar éis athruithe ar chóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus ar fhoranna TARIC nó a thig as Comhaontuithe, Prótacail, Malartuithe Litreacha nó Gníomhartha eile, idir nua agus mhodhnaithe, a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Bhoisinia agus an Heirseagaivéin, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Clásal cosanta ginearálta**

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 24 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis Airteagal 39 de CCC, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 24 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 39 de CCC.

*Airteagal 6*

**Clásal ganntanais**

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh amhail dá bhforáiltear in Airteagal 25 den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 40 de CCC, glacfar an beart sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo.".

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír, an cheathrú mír agus an chúigiú mír d'Airteagal 7:

"Glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(2), nó i gcásanna práinne, in Airteagal 8a(4).".

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(2):

"2. Glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3), nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 8a(4).".

(5) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 8a*

**An nós imeachta coiste**

1. Chun críocha Airteagal 2, Airteagal 4 agus Airteagal 11 den Rialachán seo, beidh an Coiste um an gCód Custaim arna bhunú le hAirteagal 184 de Rialachán (CEE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. Chun críocha Airteagail 5, 6, 7 agus 8 den Rialachán seo, beidh an Coiste um Choimircí arna bhunú le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle (***) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) (IO L 145, 4.6.2008, lch. 1).
(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)
(***) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 an 26 Feabhra 2009 ón gComhairle maidir le comhrialacha maidir le hallmhairithe (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).".

(6) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

"Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) den Rialachán seo, cóir fhabhrach ábhartha na dtáirgí a fhionraí go sealadach amhail dá bhforáiltear in Airteagal 29(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus dá éis in Airteagal 44(4) de CCC.".

(7) Scriostar Airteagal 12.

18. **Rialachán (CE) Uimh. 597/2009**

I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 597/2009, ceanglaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le bearta sealadacha agus bearta cinntitheacha a ghlacadh, agus le haghaidh imscrúdú a fhoirceannadh gan bearta a ghlacadh. Ba cheart go nglacfadh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid maidir le bearta sealadacha a ghlacadh i bhfianaise éifeachtaí na mbeart sin agus a loighce seicheamhaí maidir le glacadh na beart críochnaitheach. Ba cheart go n-úsáidfear é freisin chun glacadh le gealltanais, chun athbhreithnithe éaga a thionscnamh nó gan iad a thionscnamh, chun fionraí beart a fhadú agus chun bearta a athshuíomh i bhfianaise éifeacht na mbeart sin i gcomparáid le bearta cinntitheacha. I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na mbeart ina cúis le damáiste a bheadh deacair a leigheas, is gá a cheadú don Choimisiún bearta sealadacha atá infheidhme láithreach a ghlacadh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10(8):

"8. Más rud é, i gcúinsí speisialta, go gcinneann an Coimisiún imscrúdú a thionscnamh gan gearán i scríbhinn a bheith faighte aige ó thionscal an Aontais nó thar ceann thionscal an Aontais chun an imscrúdú sin a thionscnamh, déanfar é sin ar bhonn fianaise leordhóthanaí go bhfuil fóirdheontais in-fhrithchúitithe, díobháil agus nasc cúisíoch ann, mar a léirítear i mír 2, chun údar a thabhairt leis an tionscnamh sin. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit tar éis dó a chinneadh go raibh gá leis an imscrúdú sin a thionscnamh.".

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10(11):

"11. I gcás inar léir go bhfuil dóthain fianaise ann chun údar a thabhairt le himeachtaí a thionscnamh, déanfaidh an Coimisiún amhlaidh laistigh de 45 lá ón dáta a chuirtear an ngearán isteach agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás nach gcuirtear dóthain fianaise isteach, cuirfear é sin in iúl don ghearánach laistigh de 45 lá ón ngearán a chur isteach chuig an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit maidir lena anailís ar an ngearán de ghnáth laistigh de 21 lá ón ngearán a chur isteach chuig an gCoimisiún.".

(3) Leasaítear Airteagal 12 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) tá fógra tugtha chuige sin agus go tugadh deis leordhóthanach do pháirtithe leasmhara faisnéis a thíolacadh agus barúlacha a thabhairt i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 10(12);";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Glacfaidh an Coimisiún bearta sealadacha i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(4).";

(c) scriostar mír 5.

(4) Leasaítear Airteagal 13 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ar choinníoll go bhfuil cinneadh sealadach dearfach déanta i dtaobh fóirdheonaithe agus díobháil, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 25(2), tairiscintí gealltanas atá deonach agus sásúil a ghlacadh, ar gealltanais iad faoina ndéanfar an méid seo a leanas:

(a) aontóidh an tír thionscnaimh agus/nó tír an onnmhairithe an fóirdheontas a dhíchur nó teorainn a chur leis nó bearta eile a dhéanamh maidir lena éifeachtaí; nó

(b) glacfaidh aon onnmhaireoir ar láimh a phraghsanna a athbhreithniú nó stad a chur le honnmhairiú isteach sa limistéar i gceist fad a bhaineann na honnmhairí sin tairbhe as fóirdheontais in-fhrithchúitithe, sa chaoi go mbeidh an Coimisiún sásta go bhfuil éifeacht dhíobhálach na bhfóirdheontas díchurtha sa tslí sin.

I gcás den sórt sin agus fad atá gealltanais den sórt sin i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag na dleachtanna sealadacha arna bhforchur ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 12(3) ná ag na dleachtanna cinntitheacha arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 15(1) maidir le hallmhairithe ábhartha an táirge lena mbaineann a mhonaraigh na cuideachtaí dá dtagraítear sa chinneadh ón gCoimisiún lena nglactar le gealltanais agus in aon leasú ar an gCinneadh sin ina dhiaidh sin.

Ní bheidh méaduithe ar phraghsanna faoi ghealltanais den sórt sin níos airde ná mar is gá chun méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe a fhritháireamh, agus ba cheart na méaduithe sin a bheith níos lú ná méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe dá mba leor na méaduithe sin chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. I gcás ina nglactar le gealltanais déanfar an t-imscrúdú a fhoirceannadh. Foirceannfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25(3).";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 9:

"9. I gcás ina ndéanann aon pháirtí sa ghealltanais gealltanais a shárú nó a aistarraingt nó i gcás ina ndéanann an Coimisiún glacadh an ghealltanais a aistarraingt, aistarraingeoidh an Coimisiún glacadh an ghealltanais, mar is iomchuí, agus beidh feidhm ag an dleacht shealadach a d'fhorchuir an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 12 nó ag an dleacht chinntitheach a d'fhorchuir an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 15(1), ar choinníoll go dtugtar deis don onnmhaireoir lena mbaineann, nó don tír thionscnaimh agus/nó do thír an onnmhairithe tuairim a nochtadh, ach amháin má aistarraingíonn an t-onnmhaireoir nó tír de shórt thuasluaite glacadh an ghealltanais. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit nuair a chinnfidh sé gealltanas a aistarraingt.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. Féadfar go bhforchuirfear dleacht shealadach i gcomhréir le hAirteagal 12 ar bhonn na faisnéise is fearr atá ar fáil nuair atá cúis chun a chreidiúint go bhfuil gealltanas á shárú, nó i gcás ina ndéanfar gealltanas a shárú nó a aistarraingt nuair nár críochnaíodh an t-imscrúdú as ar tháinig an gealltanas.".

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14(2):

"2. I gcás ina bhfuil bearta cosanta neamhriachtanach déanfar an t-imscrúdú nó na himeachtaí a fhoirceannadh. Foirceannfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25(3).".

(6) Leasaítear Airteagal 15(1) mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"1. I gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuífear sa deireadh thiar thall iad, go bhfuil fóirdheontais in-fhrithchúitithe ann agus go bhfuil díobháil déanta mar gheall orthu, agus go bhfuil gá, chun leas an Aontais, le hidirghábháil a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 31, forchuirfidh an Coimisiún dleacht chinntitheach frithchúitimh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25(3). I gcás ina bhfuil dleachtanna sealadacha i bhfeidhm, tionscnóidh an Coimisiún an nós imeachta sin tráth nach déanaí ná mí amháin roimh dhul in éag do na dleachtanna sin.";

(b) scriostar an dara agus an tríú fomhír.

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 16(2):

"2. I gcás ina mbeidh dleacht shealadach curtha i bhfeidhm agus i gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuífear sa deireadh thiar thall iad, go bhfuil fóirdheontais in-fhrithchúitithe agus díobháil ann, cinnfidh an Coimisiún cén cion den dleacht shealadach atá le bailiú go cinntitheach, is cuma má tá dleacht chinntitheach frithchúitimh le forchur.".

(8) In Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Tionscnófar an t-athbhreithniú sin tar éis deis a thabhairt do tháirgeoirí an Aontais tuairim a nochtadh.".

(9) In Airteagal 21(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"4. Cinnfidh an Coimisiún ar cheart an t-iarratas a dheonú agus a mhéid ar cheart é a dheonú, nó féadfaidh sé a chinneadh ag tráth ar bith go dtionscnófar athbhreithniú eatramhach, agus leis sin, úsáidfear faisnéis agus cinntí an athbhreithnithe sin, a dhéanfar i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme maidir le hathbhreithnithe den sórt sin, d'fhonn a chinneadh an mbeidh bonn cirt le haisíocaíocht agus a mhéid a bheidh bonn cirt léi.".

(10) Leasaítear Airteagal 22 mar seo a leanas:

(a) Scriostar an cúigiú fomhír de mhír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

"2. Tionscnóidh an Coimisiún athbhreithnithe de bhun Airteagal 18, Airteagal 19 agus Airteagal 20. Cinnfidh an Coimisiún an dtionscnóidh sé athbhreithnithe de bhun Airteagal 18 i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 25(2). Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil freisin do na Ballstáit tar éis d'oibreoir nó do Bhallstát iarratas a chur isteach lena dtugtar bonn cirt chun athbhreithniú a thionscnamh de bhun Airteagal 19 agus Airteagal 20 agus tar éis don Choimisiún a anailís air a thabhairt chun críche nó tar éis don Choimisiún a chinneadh gur cheart an gá le leanúint le bearta a fhorchur a athbhreithniú.

3. I gcás ina ndlífidh athbhreithnithe é, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25(3), déanfar bearta a aisghairm nó a choimeád de bhun Airteagal 18, nó a aisghairim, a choimeád nó a leasú de bhun Airteagal 19 agus Airteagal 20.".

(11) Leasaítear Airteagal 23 mar seo a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, an dara fomhír agus an tríú fomhír de mhír 4:

"4. Tionscnófar imscrúduithe de bhun an Airteagail seo ar thionscnamh ón gCoimisiún nó arna iarraidh sin do Bhallstát nó d'aon pháirtí leasmhar ar bhonn dóthain fianaise a bheith ann maidir leis na tosca a leagtar amach i mír 1, i mír 2 agus i mír 3. Déanfar tionscnaimh le Rialachán ón gCoimisiún lena bhféadfar na húdaráis chustaim a threorú freisin allmhairí a chur faoi réir a gcláraithe i gcomhréir le hAirteagal 24(5) nó ráthaíochtaí a iarraidh. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil freisin do na Ballstáit tar éis do pháirtí leasmhar nó do Bhallstát iarratas a chur isteach lena dtugtar bonn cirt chun imscrúdú a thionscnamh agus tar éis don Choimisiún a anailís air a thabhairt chun críche nó tar éis don Choimisiún féin a chinneadh go bhfuil gá le leanúint le himscrúdú a thionscnamh.

Déanfaidh an Coimisiúin an t-imscrúdú. Féadfaidh na húdaráis chustaim a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún agus déanfar na himscrúduithe a chríochnú laistigh de naoi mí.

Má thugann na fíorais, mar a shuífear sa deireadh thiar thall iad, bonn cirt chun na bearta a fhadú, déanfaidh an Coimisiún sin, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25(3).";

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

"Deonaítear na díolúintí sin le cinneadh ón gCoimisiún agus beidh siad bailí ar feadh na tréimhse agus faoi na coinníollacha a leagtar síos ann. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit tar éis dó a anailís a thabhairt chun críche."

(12) Leasaítear Airteagal 24 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Is féidir, chun leasa an Aontais, bearta a fhorchuirfear de bhun an Rialacháin seo a fhionraí ar feadh naoi mí le cinneadh ón gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 25(2). Féadfar an fhionraí a fhadú ar feadh tréimhse eile, nach faide ná aon bhliain amháin, má ghníomhaíonn an Coimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 25(2).

Ní fhéadfar bearta a fhionraí ach amháin i gcás ina mbeidh dálaí an mhargaidh athruithe go sealadach a mhéid nach dócha go mbeadh díobháil ann arís mar gheall ar an bhfionraí agus ar choinníoll gur tugadh deis do thionscal an Aontais tuairim a nochtadh agus gur cuireadh na tuairimí sin san áireamh. Féadfar bearta a thabhairt ar ais, ag tráth ar bith, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 25(2), mura bhfuil an chúis leis an bhfionraí infheidhme a thuilleadh.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 5:

"5. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó a chur in iúl do na Ballstáit in am cuí, na húdaráis chustaim a threorú chun na céimeanna iomchuí a ghlacadh maidir le hallmhairí a chlárú, le go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin i gcoinne na n-allmhairí sin ó dháta an chláraithe sin.".

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

"*Airteagal 25*

**An nós imeachta Coiste**

1. Beidh an Coiste a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 4 den Rialachán sin.

5. De bhun Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcás ina rachfar in iontaoibh nós imeachta i scríbhinn maidir le bearta cinntitheacha a ghlacadh de bhun mhír 3 den Airteagal seo nó maidir le cinneadh a dhéanamh i ndáil le hathbhreithnithe éaga a thionscnamh nó gan iad a thionscnamh de bhun Airteagal 18 den Rialachán seo, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh i gcás, laistigh den teorainn ama a leagtar síos ag an gcathaoirleach, ina gcinnfidh an cathaoirleach amhlaidh nó ina n-iarrfaidh tromlach de chomhaltaí an choiste, mar a shainmhínítear é in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 amhlaidh. Má théitear in iontaoibh nós imeachta i scríbhinn i gcásanna eile ina ndearnadh an dréacht-bheart a phlé sa choiste, cuirfear críoch gan toradh leis an nós imeachta sin má chinneann an cathaoirleach amhlaidh nó má iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh laistigh den teorainn ama a leagann an cathaoirleach síos. Má théitear in iontaoibh nós imeachta i scríbhinn i gcásanna eile nuair nach ndearnadh an dréacht-bheart a phlé sa choiste, cuirfear críoch gan toradh leis an nós imeachta sin má chinneann an cathaoirleach amhlaidh nó má iarrann an cheathrú chuid de chomhaltaí an choiste amhlaidh laistigh den teorainn ama a leagfaidh an cathaoirleach síos.

6. Féadfaidh an coiste aon ábhar a mheas a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar ábhar é a tharraingeoidh an Coimisiún anuas nó ar iarratas ó Bhallstát. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis a iarraidh agus féadfaidh siad tuairimí a mhalartú sa choiste nó go díreach leis an gCoimisiún.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29(5):

"5. Ní nochtfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, nó oifigigh ceachtar acu sin, aon fhaisnéis a fuarthas de bhun an Rialacháin seo agus ar iarr a soláthraí go ndéileálfaí léi i modh rúnda, gan cead sonrach a fháil ón soláthraí. Ní sceithfear faisnéis a roinnfear idir an Coimisiún agus na Ballstáit ná doiciméid inmheánacha ar bith a ullmhóidh údaráis an Aontais nó Ballstáit an Aontais ach amháin nuair a fhoráiltear dó sin go sonrach sa Rialachán seo.".

(15) In Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus mhír 5:

"4. Tabharfar an nochtadh deireanach i scríbhinn. Déanfar é sin, ag féachaint go cuí don fhaisnéis rúnda a chosaint, a luaithe is féidir agus, de ghnáth, tráth nach déanaí ná mí amháin roimh na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 14 nó in Airteagal 15 a thionscnamh. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún fíorais nó breithnithe áirithe a nochtadh ag an am sin, nochtfar iad sin a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Ní dhéanfaidh nochtadh aon dochar do chinneadh a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh ina dhiaidh sin ach, i gcás ina mbeidh cinneadh den sórt sin bunaithe ar fhíorais dhifriúla agus ar bhreithnithe difriúla ar bith, nochtfar iad sin a luaithe is féidir.

5. Aon uiríoll a dhéanfar tar éis an nochtadh deireanach a thabhairt, ní thabharfar aird air ach amháin má fhaightear é laistigh de thréimhse a shocróidh an Coimisiún i ngach cás, ach ar tréimhse í nach lú ná deich lá, agus aird chuí á tabhairt ar phráinn an ábhair. Féadfar tréimhse níos giorra a leagan amach i gcás ina gcaithfear nochtadh deireanach sa bhreis a dhéanamh.".

(16) Leasaítear Airteagal 31 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus mhír 5:

"4. Féadfaidh na páirtithe a ghníomhaigh i gcomhréir le mír 2 tuairimí a sholáthar maidir le haon dleacht shealadach a chur i bhfeidhm. Ní chuirfear na tuairimí sin san áireamh mura bhfaighfear iad laistigh de 25 lá ó dháta chur i bhfeidhm na mbeart sin agus cuirfear na tuairimí sin, nó achoimrí iomchuí díobh, ar fáil do pháirtithe eile a bheidh i dteideal freagra a thabhairt orthu.

5. Scrúdóidh an Coimisiún an fhaisnéis a dhéanfar a thíolacadh go cuí agus scrúdóidh sé a ionadaí atá sí agus déanfar torthaí na hanailíse sin, mar aon le tuairim ar a fhiúntaí atá sí, a sheoladh chuig an gcoiste mar chuid den dréacht-bheart a chuirfear isteach de bhun Airteagal 14 agus Airteagal 15. Ba cheart don Choimisiún tuairimí an choiste a chur san áireamh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.";

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt de mhír 6:

"Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil a mhéid agus is féidir agus gan dochar d'aon chinneadh a dhéanfaidh an Coimisiún ina dhiaidh sin.".

(17) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 33a*

**Tuarascáil**

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE, Uimh.) Uimh. 1225/2009.".

19. **Rialachán (CE) Uimh. 260/2009**

I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009, ceanglaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le bearta cosanta sealadacha agus cinntitheacha a ghlacadh, agus le haghaidh bearta réamhfhaireachais a fhorchur. Ba cheart don Choimisiún na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid maidir le bearta faireachais agus bearta sealadacha a ghlacadh i bhfianaise éifeachtaí na mbeart sin agus a loighce seicheamhaí maidir le bearta cosanta cinntitheacha a ghlacadh. I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na mbeart ina cúis le dochar a bheadh deacair a leigheas, is gá a cheadú don Choimisiún bearta sealadacha atá infheidhme láithreach a ghlacadh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 mar seo a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 3.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

1. Beidh Coiste um Choimircí de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 5 den Rialachán sin.

5. De bhun Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcás ina rachfar in iontaoibh nós imeachta i scríbhinn le haghaidh bearta cinntitheacha a ghlacadh de bhun Airteagal 17 den Rialachán seo, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh i gcás, laistigh den teorainn ama a leagfaidh an cathaoirleach síos, ina gcinnfidh an cathaoirleach amhlaidh nó ina n-iarrfaidh tromlach de chomhaltaí an choiste, mar a shainmhínítear é in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 amhlaidh. Má théitear in iontaoibh nós imeachta i scríbhinn i gcásanna eile ina ndearnadh an dréacht-bheart a phlé sa choiste, cuirfear críoch gan toradh leis an nós imeachta sin má chinneann an cathaoirleach amhlaidh nó má iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh laistigh den teorainn ama a leagfaidh an cathaoirleach síos. Má théitear in iontaoibh nós imeachta i scríbhinn i gcásanna eile nuair nach ndearnadh an dréacht-bheart a phlé sa choiste, cuirfear críoch gan toradh leis an nós imeachta sin má chinneann an cathaoirleach amhlaidh nó má iarrann an cheathrú chuid de chomhaltaí an choiste amhlaidh laistigh den teorainn ama a leagfaidh an cathaoirleach síos.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

(3) Leasaítear Airteagal 6 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh de mhír 1:

"1. I gcás inar léir don Choimisiún go mbeidh dóthain fianaise ann chun bonn cirt a thabhairt chun imscrúdú a thionscnamh, tionscnóidh an Coimisiún imscrúdú laistigh d'aon mhí amháin ó fhaisnéis a fháil ó Bhallstát agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh an fógra sin:";

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach ag deireadh mhír 1:

"Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit maidir lena anailís ar an bhfaisnéis de ghnáth laistigh de 21 lá ón dáta ar a gcuirfear an fhaisnéis ar fáil don Choimisiún.";

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 2:

"2. Iarrfaidh an Coimisiún gach faisnéis is gá dar leis agus, nuair mheasann sé gurb iomchuí, tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas, féachfaidh sé leis an bhfaisnéis sin a sheiceáil le hallmhaireoirí, trádálaithe, gníomhairí, táirgeoirí, agus le comhlachais agus eagraíochtaí trádála.";

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. I gcás inar cosúil don Choimisiún nach bhfuil dóthain fianaise ann go mbeidh bonn cirt le himscrúdú, cuirfidh sé a chinneadh in iúl do na Ballstáit laistigh d'aon mhí amháin ón dáta a fhaightear an fhaisnéis ó na Ballstáit.".

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(2):

"2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, laistigh de naoi mí ó thionscnamh an imscrúdaithe, nach gá don Aontas aon fhaireachas a dhéanamh ná bhearta cosanta ar bith a dhéanamh, foirceannfar an t-imscrúdú laistigh d'aon mhí amháin. Foirceannfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2).".

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9(2):

"2. Ní nochtfaidh an Coimisiún ná na Ballstáit lena n-áirítear nó oifigigh ceachtar acu sin aon fhaisnéis de chineál rúnda a gheofar de bhun an Rialacháin seo ná aon fhaisnéis a chuirfear ar fáil ar bhonn rúnda, gan cead sonrach a fháil ó sholáthraí na faisnéise sin.".

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

"2. Maidir leis an gcinneadh chun faireachas a fhorchur, glacfaidh an Coimisiún é trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4(2).".

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

"*Airteagal 13*

I gcás nár cuireadh allmhairiú táirge faoi réir fhaireachas an Aontais roimh ré, féadfaidh an Coimisiún faireachas a thabhairt isteach, i gcomhréir le hAirteagal 18, i gcás allmhairithe isteach i réigiún amháin nó níos mó ná réigiún amháin de chuid an Aontais agus i gcás na n-allmhairithe sin amháin. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit a luaithe a chinnfidh sé faireachán a thionscnamh.".

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6 agus mhír 7 d'Airteagal 16:

"6. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(3), nó i gcásanna éigeandála, i gcomhréir le hAirteagal 4(4), laistigh de chúig lá oibre ar a mhéad ón dáta a fhaightear iarraidh den sórt sin.".

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

"*Airteagal 17*

Nuair is gá sin chun leas an Aontais, féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus le téarmaí Chaibidil III, bearta iomchuí a ghlacadh chun cosc a chur ar tháirge a allmhairiú isteach san Aontas i gcainníochtaí atá méadaithe chomh mór sin agus/nó ar théarmaí nó ar choinníollacha a bheidh ina gcúis, nó ag bagairt a bheith ina gcúis, le díobháil thromchúiseach do tháirgeoirí de chuid an Aontais a tháirgeann táirgí cosúla nó táirgí dír-iomaíocha.

Beidh feidhm ag mír 2 go mír 5 d'Airteagal 16.".

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

"*Airteagal 21*

1. Fad a bhíonn aon bheart faireachais nó cosanta i bhfeidhm, ar beart é a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir le Caibidil IV agus Caibidil V, féadfaidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, agus tráth nach déanaí ná lárphointe na tréimhse ina gcuirfear na bearta i bhfeidhm ar feadh os cionn trí bliana, na nithe a leanas a dhéanamh:

(a) éifeachtaí an bhirt a scrúdú;

(b) cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ceart luas an léirscaoileadh a bhrostú agus an dóigh is iomchuí a ndéanfaí sin;

(c) déanamh amach an bhfuil cur i bhfeidhm an bhirt sin fós riachtanach.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil cur i bhfeidhm an bhirt fós riachtanach, cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas dá réir sin.

2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur cheart aon fhaireachas nó aon bheart cosanta dá dtagraítear in Airteagail 11, 13, 16, 17 agus 18 a chúlghairm nó a leasú, déanfaidh sé na bearta a chúlghairm nó a leasú ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(3).

Maidir le cinneadh a bhaineann le beart faireachais réigiúnaigh, beidh feidhm aige ón séú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.".

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

"*Airteagal 23*

Nuair is gá sin chun leas an Aontais, féadfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a ghlacadh lena gcuirtear chun feidhme gníomhartha reachtacha, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(3), chun go bhféadfar cearta agus oibleagáidí an Aontais nó a Bhallstát uile a fheidhmiú agus a chomhall ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe iad sin a bhaineann le trádáil i dtráchtearraí.".

(12) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 23a*

**Tuarascáil**

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán 1225/2009 (*).

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51),"

20. **Rialachán (CE) Uimh. 625/2009**

I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 625/2009, ceanglaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le bearta cosanta sealadacha agus cinntitheacha a ghlacadh, agus le haghaidh bearta réamhfhaireachais a fhorchur. Ba cheart don Choimisiún na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid maidir le bearta faireachais agus bearta sealadacha a ghlacadh i bhfianaise éifeachtaí beart den sórt sin agus a loighce seicheamhaí maidir le glacadh na mbeart cosanta cinntitheach. I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na mbeart ina cúis le dochar a bheadh deacair a leigheas, is gá a cheadú don Choimisiún bearta sealadacha atá infheidhme láithreach a ghlacadh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 mar seo a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 3.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

1. Beidh Coiste um Choimircí a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 5 den Rialachán sin.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le comhrialacha maidir le hallmhairí (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

(a) i mír 1,m cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"1. I gcás inar léir don Choimisiún go bhfuil dóthain fianaise ann chun bonn cirt a bheith le himscrúdú, tionscnóidh an Coimisiún imscrúdú laistigh d'aon mhí amháin ó fhaisnéis a fháil ó Bhallstát agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Déanfaidh an fógra sin:"

(b) ag deireadh mhír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas:

"Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit maidir lena anailís ar an bhfaisnéis de ghnáth laistigh de 21 lá ón dáta ar a gcuirfear an fhaisnéis ar fáil don Choimisiún.";

(c) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"2. Iarrfaidh an Coimisiún gach faisnéis is gá dar leis agus, má mheasann sé gurb iomchuí é, féachfaidh sé chuige an fhaisnéis sin a sheiceáil le hallmhaireoirí, trádálaithe, gníomhairí, táirgeoirí, agus le comhlachais agus eagraíochtaí trádála.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. I gcás inar cosúil don Choimisiún nach bhfuil dóthain fianaise ann go bhfuil bonn cirt le himscrúdú, cuirfidh sé a chinneadh in iúl do na Ballstáit laistigh d'aon mhí amháin ón bhfaisnéis a fháil ó na Ballstáit.".

(4) In Airteagal 6(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, laistigh de naoi mí ó thionscnamh an imscrúdaithe, nach gá don Aontas aon fhaireachas a dhéanamh ná aon bheart cosanta a dhéanamh, foirceannfar an t-imscrúdú laistigh d'aon mhí amháin. Foirceannfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4(2).".

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(2):

"2. Ní nochtfaidh an Coimisiún ná na Ballstáit lena n-áirítear nó oifigigh ceachtar acu sin aon fhaisnéis de chineál rúnda a gheofar de bhun an Rialacháin seo ná aon fhaisnéis a gheofar ar bhonn rúnda, gan cead sonrach a fháil ó sholáthraí na faisnéise sin.".

(6) In Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"1a. Maidir le cinntí a ghlactar de bhun mhír 1, glacfaidh an Coimisiún iad i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4(2).".

(7) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

"— eisiúint an doiciméid sin a chur faoi réir coinníollacha áirithe agus, mar bheart eisceachtúil, faoi réir clásal cúlghairme a chur isteach.".

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*

I gcás nach mbeidh allmhairiú táirge curtha faoi réir fhaireachas an Aontais roimh ré, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus i gcomhréir le hAirteagal 17, faireachas a thabhairt isteach i gcás allmhairiú isteach i réigiún amháin nó i níos mó ná réigiún amháin de chuid an Aontais, agus sa chás sin amháin.".

(9) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Cuirfear na bearta a ghlacfar in iúl do na Ballstáit gan mhoill agus gabhfaidh éifeacht leo sin láithreach.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4, mhír 5 agus mhír 6:

"4. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(3), nó i gcás éigeandála, i gcomhréir le hAirteagal 4(4), laistigh de chúig lá oibre ar a mhéad ón iarraidh sin a fháil.".

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16(1):

"1. Féadfaidh an Coimisiún, go háirithe sa chás dá dtagraítear in Airteagal 15(1), bearta iomchuí cosanta a ghlacadh, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(3).".

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

"*Airteagal 18*

1. Fad a bheidh aon bheart faireachais nó cosanta a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir le Caibidil IV agus le Caibidil V, i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, na nithe a leanas a dhéanamh:

(a) éifeachtaí an bhirt a scrúdú;

(b) déanamh amach an bhfuil cur i bhfeidhm an bhirt sin fós riachtanach.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil cur i bhfeidhm an bhirt fós riachtanach, cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas dá réir sin.

2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur cheart aon fhaireachas nó aon bheart cosanta dá dtagraítear i gCaibidil IV agus i gCaibidil V a chúlghairm nó a leasú, déanfaidh sé an beart a chúlghairm nó a leasú ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(3).".

(12) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 19a*

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán 1225/2009 ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).".

21. **Rialachán (CE) Uimh. 1061/2009**

I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 1061/2009, ceanglaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le bearta cosanta sealadacha agus cinntitheacha a ghlacadh, agus le haghaidh bearta réamhfhaireachais a fhorchur. Ba cheart don Choimisiún na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na mbeart ina cúis le dochar a bheadh deacair a leigheas, is gá a cheadú don Choimisiún bearta sealadacha atá infheidhme láithreach a ghlacadh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1061/2009 mar seo a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 3.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

1. Beidh an Coiste um Choimircí a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle (*) de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i dteannta Airteagal 5 den Rialachán sin.

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le comhrialacha le haghaidh hallmhairí cúnamh a thabhairt don Choimisiún (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí. *cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

(3) Leasaítear Airteagal 6 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. I dtreo is go seachnófar cás géibheannach mar gheall ar easpa táirgí riachtanacha, nó d'fhonn cás den sórt sin a leigheas, agus nuair is gá idirghabháil a dhéanamh láithreach chun leas an Aontais, féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó ar iarraidh a fuarthas ó Bhallstát nó as a thionscnamh féin, agus ag cur chineál na dtáirgí agus ghnéithe áirithe eile na n-idirbheart i gceist san áireamh, onnmhairiú táirge a chur faoi réir údarú onnmhairithe a thabhairt ar aird, agus rialófar deonú an údaraithe sin leis na forálacha sin a leagfaidh an Coimisiún síos agus beidh sé faoi réir na dteorainneacha sin a leagfaidh an Coimisiún síos i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(2), nó i gcásanna éigeandála, i gcomhréir le hAirteagal 4(3).

2. Tabharfar fógra do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do na Ballstáit faoi na bearta a glacadh. Beidh éifeacht ag na bearta sin láithreach.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4, mhír 5 agus mhír 6:

"4. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún cinneadh de bhun mhír 1, laistigh de chúig lá oibre ar a mhéad ón iarraidh sin a fháil.

5. I gcás ina mbeidh an Coimisiún i ndiaidh gníomhú de bhun mhír 1 den Airteagal seo, cinnfidh sé, tráth nach déanaí ná 12 lá oibre tar éis theacht i bhfeidhm an bhirt a bheidh glactha aige, ar cheart bearta iomchuí a ghlacadh mar a fhoráiltear in Airteagal 7. Más rud é, ag deireadh na sé seachtaine tar éis theacht i bhfeidhm an bhirt, nach bhfuil aon bheart glactha, measfar go mbeidh an beart i gceist cúlghairthe."

(4) In Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"1. Nuair is gá sin chun leas an Aontais, féadfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a ghlacadh ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(2):".

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

1. Fad a bhíonn aon bheart dá dtagraítear in Airteagal 6 agus in Airteagal 7 i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin, na nithe a leanas a dhéanamh:

(a) éifeachtaí an bhirt a scrúdú;

(b) déanamh amach an bhfuil cur i bhfeidhm an bhirt sin fós riachtanach.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil cur i bhfeidhm an bhirt fós riachtanach, cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas dá réir sin.

2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur cheart aon bheart dá dtagraítear in Airteagal 6 nó in Airteagal 7 a chúlghairm nó a leasú, gníomhóidh sé i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(2).".

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 9:

"Maidir leis na tairgí a liostaítear in Iarscríbhinn I, go dtí go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta iomchuí de bhun na ngealltanas idirnáisiúnta a rinne an tAontas nó a Bhallstáit uile, údarófar do na Ballstáit, gan dochar do na rialacha a bheidh glactha ag an Aontas sa réimse sin an córas comhroinnte práinneach a chur chun feidhme lena dtugtar isteach oibleagáid liúntais maidir le tríú tíortha dá bhforáiltear i ngealltanais idirnáisiúnta a bheidh déanta sula dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.".

(7) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 9a*

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil 2009 maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán 1225/2009 (*).

---

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad.".

22. **Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle**

I ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009, ceanglaítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le bearta sealadacha agus bearta cinntitheacha a ghlacadh, agus le haghaidh imscrúdú a fhoirceannadh gan bearta a ghlacadh. Ba cheart go nglacfadh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid maidir le bearta sealadacha a ghlacadh i bhfianaise éifeachtaí beart den sórt sin agus a loighce seicheamhaí maidir le glacadh beart críochnaitheach. Ba cheart go n-úsáidfí é freisin chun glacadh le gealltanais, chun athbhreithnithe éaga a thionscnamh nó gan iad a thionscnamh, chun fionraí beart a fhadú agus chun bearta a athshuíomh i bhfianaise éifeacht beart den sórt sin i gcomparáid le bearta cinntitheacha. I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na mbeart ina cúis le dochar a bheadh deacair a leigheas, is gá a cheadú don Choimisiún bearta sealadacha atá infheidhme láithreach a ghlacadh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 2(7), leasaítear fomhír (c) mar a leanas:

(a) cuirtear na focail "i ndiaidh tionscal de chuid an Aontais" in ionad "i ndiaidh comhairliúcháin shonraigh an Choiste Comhairligh" agus "i ndiaidh tionscal de chuid an Chomhphobail";

(b) cuirtear isteach abairt dheireanach mar a leanas:

"Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit maidir lena anailís ar éilimh a dhéanfar de bhun fhomhír (b) de ghnáth laistigh de 28 lá ón dáta ar tionscnaíodh an t-imscrúdú."

(2) Leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Más rud é, i gcúinsí speisialta, go gcinntear imscrúdú a thionscnamh gan gearán i scríbhinn a bheith faighte aige ó thionscal an Aontais nó thar ceann thionscal an Aontais chun an imscrúdú sin a thionscnamh, déanfar é sin ar bhonn fianaise leordhóthanaí go bhfuil fóirdheontais dumpáil déanta, díobháil agus nasc cúisíoch ann, mar a léirítear i mír 2, go bhfuil bonn cirt leis an tionscnamh sin. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit tar éis dó a chinneadh go raibh gá leis an imscrúdú sin a thionscnamh.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

"9. I gcás inar léir go bhfuil dóthain fianaise ann go bhfuil bonn cirt le himeacht a thionscnamh, déanfaidh an Coimisiún amhlaidh laistigh de 45 lá ón dáta a chuirtear an gearán isteach agus foilseoidh sé fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás nach gcuirfear dóthain fianaise isteach, cuirfear é sin in iúl don ghearánach laistigh de 45 lá ón ngearán a chur isteach chuig an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit maidir lena anailís ar an ngearán de ghnáth laistigh de 21 lá ón ngearán a chur isteach chuig an gCoimisiún.".

(3) Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear "deis leordhóthanach" in ionad na bhfocal "deiseanna leordhóthanacha";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Déanfaidh an Coimisiún bearta sealadacha i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(4).";

(c) scriostar mír 6.

(4) Leasaítear Airteagal 8 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ar choinníoll go mbeidh cinneadh sealadach dearfa déanta i dtaobh dumpála agus díobhála, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2), tairiscintí gealltanas atá deonach agus sásúil a ghlacadh, ar gealltanais iad a chuirfidh aon onnmhaireoir isteach chun a phraghsanna a athbhreithniú nó chun stad a chur le honnmhairí ag praghsanna dumpáilte, má tá an Coimisiún sásta go mbeidh éifeacht dhíobhálach na dumpála díchurtha leis sin. I gcás den sórt sin agus fad a bheidh gealltanais den sórt sin i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag dleachtanna sealadacha a fhorchuirfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7(1) ná ag dleachtanna cinntitheacha a fhorchuirfear i gcomhréir le hAirteagal 9(4), de réir mar a bheidh, maidir le hallmhairithe ábhartha an táirge lena mbaineann a mhonaraigh na cuideachtaí dá dtagraítear sa chinneadh ón gCoimisiún lena nglactar le gealltanais, mar a leasaíodh é ina dhiaidh sin. Ní bheidh méaduithe ar phraghsanna faoi ghealltanais den sórt sin níos airde ná mar is gá chun an corrlach dumpála a dhíchur, agus ba cheart na méaduithe sin a bheith níos lú ná an corrlach dumpála dá mba leor na méaduithe sin chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. I gcás ina nglactar le gealltanais, déanfar an t-imscrúdú a fhoirceannadh. Foirceannfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3).";

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 9:

"9. I gcás ina ndéanfaidh aon pháirtí sa ghealltanas gealltanais a shárú nó a aistarraingt nó i gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún glacadh an ghealltanais a aistarraingt, aistarraingeofar glacadh an ghealltanais le Cinneadh ón gCoimisiún nó le Rialachán ón gCoimisiún, mar is iomchuí, agus beidh feidhm láithreach ag an dleacht shealadach a d'fhorchuir an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7 nó ag an dleacht chinntitheach a d'fhorchuir an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 9(4), ar choinníoll gur tugadh deis don onnmhaireoir lena mbaineann tuairim a nochtadh, seachas má aistarraingíonn an t-onnmhaireoir féin an gealltanas. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit nuair a chinnfidh sé gealltanas a aistarraingt.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. Féadfar go bhforchuirfear dleacht shealadach i gcomhréir le hAirteagal 7 ar bhonn na faisnéise is fearr atá ar fáil nuair atá cúis chun a chreidiúint go bhfuil gealltanas á shárú, nó i gcás ina ndéanfar gealltanas a shárú nó a aistarraingt nuair nár críochnaíodh an t-imscrúdú as ar tháinig an gealltanas.".

(5) Leasaítear Airteagal 9 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcás ina mbeidh bearta cosanta neamhriachtanach déanfar an t-imscrúdú nó an t-imeacht a fhoirceannadh. Foirceannfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3).";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuífear sa deireadh thiar thall iad, go bhfuil dumpáil ann agus go bhfuil díobháil déanta mar gheall uirthi, agus go bhfuil gá, chun leasa an Aontais, le hidirghabháil a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 21, forchuirfidh an Coimisiún dleacht chinntitheach frithdhumpála, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3). I gcás ina mbeidh dleachtanna sealadacha i bhfeidhm, tionscnóidh an Coimisiún an nós imeachta sin tráth nach déanaí ná mí amháin roimh dhul in éag do na dleachtanna sin. Ní bheidh méid na dleachta frithdhumpála níos mó ná an corrlach dumpála atá suite ach ba cheart í a bheith níos lú ná an corrlach dá mba leor dleacht níos lú chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais.".

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte d'Airteagal 10(2):

"2. I gcás dleacht shealadach a bheith curtha i bhfeidhm agus i gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuífear sa deireadh thiar thall iad, go bhfuil dumpáil agus díobháil ann, cinnfidh an Coimisiún cén chion den dleacht shealadach atá le bailiú go cinntitheach, is cuma má tá dleacht chinntitheach frithdhumpála le forchur."

(7) Leasaítear Airteagal 11 mar seo a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte den tríú fomhír:

"Tionscnófar athbhreithniú le haghaidh onnmhaireora nua agus déanfar an t-athbhreithniú sin ar bhonn brostaithe tar éis deis a thabhairt do tháirgeoirí de chuid an Aontais tuairim a nochtadh.";

(b) scriostar an dara fomhír de mhír 5.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Tionscnóidh an Coimisiún athbhreithnithe de bhun an Airteagail seo. Cinnfidh an Coimisiún an ndéanfaidh sé athbhreithnithe de bhun mhír 2 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil freisin do na Ballstáit tar éis d'oibreoir nó do Bhallstát iarratas a chur isteach lena dtugtar bonn cirt le hathbhreithniú a thionscnamh de bhun mhír 3 agus mhír 4 den Airteagal seo agus tar éis don Choimisiún a anailís air a thabhairt chun críche nó tar éis don Choimisiún a chinneadh gur cheart an gá le leanúint le bearta a fhorchur a athbhreithniú. I gcás ina ndlífidh athbhreithnithe é, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3), déanfar bearta a aisghairm nó a choimeád de bhun mhír 2 den Airteagal seo, nó a aisghairim, a choimeád nó a leasú de bhun mhír 3 agus mhír 4 den Airteagal seo. I gcás ina n-aisghairfear bearta maidir le honnmhaireoirí ar leith, ach nach ndéanfar iad a aisghairm sa tír ina hiomláine, beidh na honnmhaireoirí sin fós faoi réir an imeachta agus d'fhéadfaí iad a imscrúdú arís, sa ghnáthchúrsa, in aon athbhreithniú a dhéanfar ina dhiaidh sin maidir leis an tír sin de bhun an Airteagail seo."

(d) i mír (8), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte den cheathrú fomhír:

"Cinnfidh an Coimisiún ar cheart an t-iarratas a dheonú agus a mhéid ar cheart é a dheonú, nó féadfaidh sé a chinneadh ag tráth ar bith go dtionscnófar athbhreithniú eatramhach, agus leis sin, úsáidfear faisnéis agus cinntí an athbhreithnithe sin, a dhéanfar i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme maidir le hathbhreithnithe den sórt sin, d'fhonn a chinneadh an mbeidh bonn cirt le haisíocaíocht agus a mhéid a bheidh bonn cirt léi. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit tar éis dó a anailís a dhéanamh ar an iarratas.".

(8) Leasaítear Airteagal 12 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 1:

"1. Más rud é, laistigh de dhá bhliain de ghnáth ó theacht i bhfeidhm na mbeart, go gcuireann tionscal an Aontais nó aon pháirtí leasmhar eile dóthain faisnéise isteach a léiríonn, tar éis na chéad tréimhse imscrúdaithe agus roimh fhorchur na mbeart nó ina dhiaidh sin, go bhfuil laghdú tagtha ar phraghsanna onnmhairí nó nach bhfuil aon athrú tagtha orthu, nó nach leor an t-athrú atá tagtha ar phraghsanna athdhíola nó ar phraghsanna díola an táirge allmhairithe san Aontas ina dhiaidh sin, féadfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú a athoscailt le feiceáil an raibh tionchar ag an mbeart ar na praghsanna thuasluaite. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit tar éis do pháirtí leasmhar faisnéis leordhóthanach a chur isteach lena dtugtar bonn cirt leis an scrúdú a athoscailt agus tar éis don Choimisiún a anailís air a thabhairt chun críche.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás ina léireofar le hath-imscrúdú de bhun an Airteagail seo go bhfuil méadú tagtha ar dhumpáil, féadfaidh an Coimisiún na bearta atá i bhfeidhm a leasú ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3), i gcomhréir leis na cinntí nua i dtaobh praghsanna onnmhairithe. Ní bheidh méid na dleachta frithdhumpála a fhorchuirfear de bhun an Airteagail seo níos mó ná dhá oiread na dleachta a forchuireadh ar dtús.";

(c) scriostar an dara fomhír de mhír 4.

(9) Leasaítear Airteagal 13 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tionscnófar imscrúduithe de bhun an Airteagail seo ar thionscnamh ón gCoimisiún nó arna iarraidh sin do Bhallstát nó d'aon pháirtí leasmhar ar bhonn dóthain fianaise a bheith ann maidir leis na tosca a leagtar amach i mír 1. Déanfar tionscnaimh le Rialachán ón gCoimisiún lena bhféadfar na húdaráis chustaim a threorú freisin allmhairí a chur faoi réir a gcláraithe i gcomhréir le hAirteagal 14(5) nó ráthaíochtaí a iarraidh. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil freisin do na Ballstáit tar éis do pháirtí leasmhar nó do Bhallstát iarratas a chur isteach lena dtugtar bonn cirt le himscrúdú a thionscnamh agus tar éis don Choimisiún a anailís air a thabhairt chun críche nó tar éis don Choimisiún féin a chinneadh go bhfuil gá le himscrúdú a thionscnamh.

Déanfaidh an Coimisiún na himscrúduithe. Féadfaidh na húdaráis chustaim a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún agus déanfar an t-imscrúdú a chríochnú laistigh de naoi mí.

Má thugann na fíorais, mar a shuífear sa deireadh thiar thall iad, bonn cirt leis na bearta a fhadú, déanfaidh an Coimisiún sin ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(3). Gabhfaidh éifeacht leis an bhfadú ón dáta a forchuireadh an clárú de bhun Airteagal 14(5) nó ón dáta ar iarradh ráthaíochtaí. Beidh feidhm ag forálacha nós imeachta ábhartha an Rialacháin seo maidir leis an tionscnamh agus maidir le stiúradh imscrúduithe de bhun an Airteagail seo.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír de mhír 4:

"Deonófar na díolúintí sin le Cinneadh ón gCoimisiún agus beidh siad bailí ar feadh na tréimhse agus faoi na coinníollacha a leagfar síos ann. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil do na Ballstáit tar éis dó a anailís a thabhairt chun críche.".

(10) Leasaítear Airteagal 14 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Féadfar, chun leasa an Aontais, bearta a fhorchuirfear de bhun an Rialacháin seo a fhionraí ar feadh naoi mí le cinneadh ón gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Féadfar an fhionraí a fhadú ar feadh tréimhse eile, nach faide ná aon bhliain amháin, má ghníomhaíonn an Coimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Ní fhéadfar bearta a fhionraí ach amháin i gcás ina mbeidh dálaí an mhargaidh athraithe go sealadach a mhéid nach dócha go mbeidh díobháil ann arís mar gheall ar an bhfionraí agus ar choinníoll go dtugtar deis do thionscal an Aontais tuairim a nochtadh agus go gcuirtear na tuairimí sin san áireamh. Féadfar bearta a thabhairt ar ais, tráth ar bith, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 15(2), mura mbeidh an chúis leis an bhfionraí infheidhme a thuilleadh."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 5:

"5. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó a chur in iúl do na Ballstáit in am cuí, na húdaráis chustaim a threorú chun na céimeanna iomchuí a ghlacadh maidir le hallmhairí a chlárú, le go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin i gcoinne na n-allmhairí sin ó dháta an chláraithe sin.".

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

"*Airteagal 15*

**An nós imeachta Coiste**

1. Beidh Coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 4 den Rialachán sin.

5. De bhun Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcás ina rachfar in iontaoibh nós imeachta i scríbhinn maidir le bearta cinntitheacha a ghlacadh de bhun mhír 3 den Airteagal seo nó maidir le cinneadh a dhéanamh i ndáil le hathbhreithnithe éaga a thionscnamh nó gan iad a thionscnamh de bhun Airteagal 11(6) den Rialachán seo, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh i gcás, laistigh den teorainn ama a leagfaidh an cathaoirleach síos, ina gcinnfidh an cathaoirleach amhlaidh nó ina n-iarrfaidh tromlach de chomhaltaí an choiste, mar a shainmhínítear é in Airteagal5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 amhlaidh. Má théitear in iontaoibh nós imeachta i scríbhinn i gcásanna eile ina ndearnadh an dréacht-bheart a phlé sa choiste, cuirfear críoch gan toradh leis an nós imeachta sin má chinneann an cathaoirleach amhlaidh nó má iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh laistigh den teorainn ama a leagann an cathaoirleach síos. Má théitear in iontaoibh nós imeachta i scríbhinn i gcásanna eile nuair nach ndearnadh an dréacht-bheart a phlé sa choiste, cuirfear críoch gan toradh leis an nós imeachta sin má chinneann an cathaoirleach amhlaidh nó má iarrann an cheathrú chuid de chomhaltaí an choiste amhlaidh laistigh den teorainn ama a leagann an cathaoirleach síos.

6. Féadfaidh an Coimisiún aon ábhar a mheas a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar ábhar é a tharraingeoidh an Coimisiún anuas nó ar iarratas ó Bhallstát. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis a iarraidh agus féadfaidh siad tuairimí a mhalartú sa Choiste nó go díreach leis an gCoimisiún.

---

(*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19(5):

"5. Ní nochtfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, nó oifigigh ceachtar acu sin, aon fhaisnéis a fuarthas de bhun an Rialacháin seo agus ar iarr a soláthraí go ndéileálfaí léi i modh rúnda, gan cead sonrach a fháil ón soláthraí. Ní sceithfear faisnéis a roinnfear idir an Coimisiún agus na Ballstáit ná aon doiciméad inmheánach a ullmhóidh údaráis an Aontais nó Ballstáit an Aontais ach amháin nuair a fhoráiltear dó sin go sonrach sa Rialachán seo."

(13) In Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leans in ionad mhír 4 agus mhír 5:

"4. Tabharfar an nochtadh deireanach i scríbhinn. Déanfar é sin, ag féachaint go cuí don fhaisnéis rúnda a chosaint, a luaithe is féidir agus, de ghnáth, tráth nach déanaí ná mí amháin roimh na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 9 a thionscnamh. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún fíorais nó breithnithe áirithe a nochtadh ag an am sin, nochtfar iad sin a luaithe is féidir ina dhiaidh sin. Ní dhéanfaidh nochtadh aon dochar do chinneadh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh ina dhiaidh sin ach, i gcás ina mbeidh cinneadh den sórt sin bunaithe ar fhíorais agus ar bhreithnithe difriúla, nochtfar iad sin a luaithe is féidir.

5. Aon uiríoll a dhéanfar tar éis an nochtadh deireanach a thabhairt, ní thabharfar aird air ach amháin má fhaightear é laistigh de thréimhse a shocróidh an Coimisiún i ngach cás, ach ar tréimhse í nach lú ná deich lá, agus aird chuí á tabhairt ar phráinn an ábhair. Féadfar tréimhse níos giorra a leagan amach i gcás ina gcaithfear nochtadh deireanach sa bhreis a dhéanamh.".

(14) In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4, mhír 5 agus mhír 6:

"4. Féadfaidh na páirtithe a ghníomhaigh i gcomhréir le mír 2 tuairimí a sholáthar maidir le haon dleacht shealadach a chur i bhfeidhm. Ní chuirfear na tuairimí sin san áireamh mura bhfaighfear iad laistigh de chúig lá dhéag ó chur i bhfeidhm na mbeart sin agus cuirfear na tuairimí sin, nó achoimrí iomchuí díobh, ar fáil do pháirtithe eile a bheidh i dteideal freagra a thabhairt orthu.

5. Scrúdóidh an Coimisiún an fhaisnéis a dhéanfar a thíolacadh go cuí agus scrúdóidh sé a ionadaí atá sí agus déanfar torthaí na hanailíse sin, mar aon le tuairim ar a fhiúntaí atá sí, a sheoladh chuig an gCoiste mar chuid den dréacht-bheart a chuirfear isteach de bhun Airteagal 9 den Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún tuairimí an choiste a chur san áireamh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

6. Na páirtithe a ghníomhaigh i gcomhréir le mír 2, féadfaidh siad a iarraidh go gcuirfí ar fáil daoibh na fíricí agus na nithe is dóchúil go gcuirfear san áireamh iad agus na cinntí deireanacha á nglacadh. Cuirfear faisnéis den sórt sin ar fáil a mhéid agus is féidir agus gan dochar d'aon chinneadh a dhéanfaidh an Coimisiún ina dhiaidh sin.".

(15) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 22a*

**Tuarascáil**

1. Déanfaidh an Coimisiún, agus aird chuí aige ar chosaint faisnéise rúnda de réir bhrí Airteagal 19, tuarascáil bhliantúil a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Rialacháin seo. Beidh san áireamh sa tuarascáil sin faisnéis faoi bhearta sealadacha agus bearta críochnaitheacha a chur i bhfeidhm, faoi imscrúduithe a fhoirceannadh gan bearta a ghlacadh, faoi ath-imscrúduithe, faoi athbhreithnithe agus cuairteanna fíorúcháin, agus faoi ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí éagsúla atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus as comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as sin.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, laistigh de mhí amháin ó thíolacadh na tuarascála ag an gCoimisiún, a iarraidh ar an gCoimisiún teacht chuig cruinniú ad hoc de choiste freagrach na Parlaiminte chun saincheisteanna ar bith a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur i láthair agus a mhíniú.

3. Tráth nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh don Choimisiún an tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, poibleoidh an Coimisiún an tuarascáil.".

**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 15(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2008 agus maidir le hAirteagal 25(6) de Rialachán (CE) Uimh. 597/2009**

Measann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le hAirteagal 15(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus Airteagal 25(6) de Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 a áireamh go heisiach ar bhonn thréithe sonracha na Rialachán sin sula ndéanfar iad a leasú leis an Rialachán seo. Mar thoradh air sin, is leis an dá Rialachán sin amháin a bhaineann áireamh forála, amhail na hAirteagal sin, agus agus ní bheidh sin mar fhasach ó thaobh dréachtú na reachtaíochta sa todhchaí..

Ar mhaithe lena bheith soiléir, tuigeann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún nach dtugtar isteach le hAirteagal 15(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus Airteagal 25(6) de Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 nósanna imeachta atá difriúil ó na cinn dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 nó atá sa bhreis orthu sin.

**Ráiteas ón gComhairle maidir le hAirteagal 3(4) agus Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimhir 182/2011 a chur i bhfeidhm maidir le himeachtaí frithdhumpála agus le himeachtaí dleachta fhrithchúitimh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 597/2009**

Nuair a mholann Ballstát leasú maidir le dréachtbheart frithdhumpála nó dréachtbheart dleachta fhrithchúitimh dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus i Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 (na "Bunrialacháin"), i gcomhréir le hAirteagal 3(4) nó Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, déanfaidh sé an méid a leanas:

(a) a áirithiú go molfar an leasú in am tráthúil, agus go n-urramófar leis na sprioc-amanna sna Bunrialacháin agus go léireofar leis go dteastaíonn ón gCoimisiún go leor ama chun aon nós imeachta nochta is gá a dhéanamh, an togra a scrúdú i gceart, agus go scrúdóidh an Coiste aon dréachtbheart leasaithe a mholtar;

(b) a áirithiú go mbeidh an leasú molta ag teacht leis na Bunrialacháin mar a léiríonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha;

(c) bonn cirt i scríbhinn a sholáthar lena chuirfear in iúl, ar a laghad, an bealach a mbaineann an leasú molta leis na Bunrialacháin agus leis na fíricí a shuitear san imscrúdú, agus féadfar a áireamh leo freisin aon argóint thacaíoch eile a mheasann an Ballstát a mholann an leasú é a bheith iomchuí.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le himeachtaí frithdhumpála agus le himeachtaí dleachta fhrithchúitimh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus Rialachán (CE) Uimhir 597/2009**

Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí is atá sé go bhfaigheadh na Ballstáit faisnéis má fhoráiltear di i Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus i Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 (na "Bunrialacháin") le go gcuirfí ar a gcumas cinntí oiriúnacha a dhéanamh agus déanfaidh an Coimisiún beart chun an cuspóir sin a bhaint amach.

* * *

Chun nach mbeidh aon amhras ann, tuigeann an Coimisiún leis an tagairt do chomhairliúcháin in Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 go n-éilítear ar an gCoimisiún, seachas i gcásanna an-phráinneacha, tuairimí na mBallstát a lorg roimh dhleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh a ghlacadh.

* * *

Áiritheoidh an Coimisiún go mbainisteoidh sé gach gné de nósanna imeachta frithdhumpála agus frithchúitimh dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus i Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ar bhealach éifeachtach, lena n-áirítear go bhféadfadh na Ballstáit leasuithe a mholadh, chun a áirithiú go n-urramófar na tréimhsí ama a leagtar síos agus na hoibleagáidí i leith páirtithe leasmhara a chruthaítear leis na Bunrialacháin agus go mbeidh aon bheart a fhorchuirfear sa deireadh comhsheasmhach leis na fíricí a shuitear leis an imscrúdú agus leis na Bunrialacháin mar a léiríonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh iad agus i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an gcódú**

Áireofar líon leasuithe suntasacha ar na gníomhartha atá i gceist le glacadh Rialachán (AE) Uimh. 37/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 15 Eanáir 2014 lena leasaítear rialacháin áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála maidir leis na nósanna imeachta chun bearta áirithe a ghlacadh agus Rialachán (AE) Uimh. 38/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2014 lena leasaítear rialachán áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála maidir le cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme a dheonú chun bearta áirithe a ghlacadh. Chun inléiteacht na ngníomhartha lena mbaineann a fheabhsú, molfaidh an Coimisiún códú na ngníomhartha chomh tapa agus is féidir tar éis an dá Rialachán sin a ghlacadh, agus ar a dhéanaí roimh an 1 Meitheamh 2014.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis na gníomhartha tarmligthe**

I gcomhthéacs Rialachán (AE) Uimh. 37/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2014 lena leasaítear rialacháin áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála maidir leis na nósanna imeachta chun bearta áirithe a ghlacadh agus Rialachán (AE) Uimh. 38/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2014 lena leasaítear rialacháin áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála maidir le cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme a dheonú chun bearta áirithe a ghlacadh, meabhraíonn an Coimisiún an gealltanas ar thug sé i mír 15 den Chomhaontú Réime maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach faisnéis iomlán agus doiciméid a chur ar fáil don Pharlaimint i ndáil leis na cruinnithe a bhí aige le saineolaithe náisiúnta faoi chuimsiú a chuid oibre maidir le gníomhartha tarmligthe a ullmhú.